


UNIVERSITY of LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH

# Tuarascáil Bhliantúil Bliain Acadúil 2012 - 2013

Ollscoil Luimnigh, Luimneach, Éire
Guthán: +353-61-202700

Facs: +353-61-330316

Láithreán Gréasáin: www.ul.ie

Cuimsítear an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2012 go dtí an 30 Meán Fómhair 2013 sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Tá sí ar fáil chomh maith ar láithreán gréasáin Ollscoil Luimnigh

UNIVERSITY of LIMERICK
OLLSCOIL LUIMNIGH

# Tuarascáil Bhliantúil
## An Bhliain Acadúil 2012/2013

## Clár


OLLSCOIL CHEANNRÓDAÍOCH ........ 4
*RÁITEAS AN TSEANSAILÉARA* ........ *4*
*RÁITEAS AN UACHTARÁIN* ........ *5*
*AN TÚDARÁS CEANNAIS* ........ *7*
*CÉIMEANNA OINIGH* ........ *10*
FORBAIRTÍ ACADÚLA ........ 11
*CLÁIR NUA* ........ *14*
*DÁMH NA NDÁN, NA NDAONNACHTAÍ AGUS NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA* ........ *16*
*DÁMH CHRUINNE ÉIREANN RINCE AGUS CEOL* ........ *18*
*DÁMH AN OIDEACHAIS AGUS NA NEOLAÍOCHTAÍ SLÁINTE* ........ *20*
*DÁMH NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA* ........ *22*
*SCOIL GHNÓ KEMMY* ........ *25*
*LEABHARLANN AGUS CÓRAIS FAISNÉISE* ........ *26*
*AN RANNÓG TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE* ........ *29*
EISPÉIREAS NA MAC LÉINN ........ 30
*RANNÓG GHNÓTHAÍ NA MAC LÉINN* ........ *30*
*AN COMHAROIDEACHAS AGUS RANNÓG NA NGAIRMEACHA* ........ *31*
*RATH AGUS ÉACHTAÍ NA MAC LÉINN* ........ *32*
ÉACHTAÍ TAIGHDE ........ 33
*TÉAMAÍ TAIGHDE* ........ *33*
*INSTITIÚIDÍ TAIGHDE* ........ *33*
*NUÁLAÍOCHT AGUS TRÁCHTÁLÚ* ........ *34*
*FOINSÍ MAOINITHE* ........ *35*
*COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ* ........ *36*
*BUAICPHOINTÍ TAIGHDE* ........ *38*
NASC LENÁR BPOBAIL ........ 40
IDIRNÁISIÚNÚ ........ 45
GRADAIM AGUS ÉACHTAÍ FOIRNE ........ 47
FÁS AGUS FORBAIRT ........ 50
*FORBAIRT AR AN GCAMPAS* ........ *50*
*ACMHAINNÍ DAONNA* ........ *52*
*AIRGEADAS* ........ *53*
Aguisín 1 ........ 56

# OLLSCOIL CHEANNRÓDAÍOCH

## RÁITEAS AN tSEANSAILÉARA

"Ní ullmhúchán don saol an t-oideachas; is ionann an t-oideachas agus an saol féin."[1] Cé gur ollscoil óg go leor í Ollscoil Luimnigh, tá áit dhaingean aici i saol an náisiúin mar institiúid oideachais den scoth le haghaidh ghlúnta Éireannach na linne seo mar aon le líon mór mac léinn ón gcoigríoch. De thoradh na bhfórsaí fuinniúla ceannaireachta agus díograise atá i dtreis ón uair a bunaíodh an Ollscoil, tá an campas is fearr sa tír (ar a laghad) againn mar aon le dámha a bhfuil ardcháil orthu in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Ba sa tréimhse atá cuimsithe sa tuarascáil seo a bhí de phribhléid agus de shásamh agam glacadh le mo cheapachán mar Chathaoirleach agus mar Sheansailéir na hOllscoile.

Cuireadh tús le téarma oifige an Údaráis Ceannais reatha ar an 1 Nollaig 2012, agus ar na chéad tascanna a bhí le comhlíonadh aige bhí struchtúr coistí a bhunú ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt don Údarás ina chuid oibre. Tá ocht gcinn de choistí Údaráis Ceannais ann agus ar na coistí sin tá comhaltaí den Údarás féin, comhaltaí foirne de chuid na hOllscoile agus comhaltaí ó lasmuigh den Ollscoil a bhfuil saineolas tábhachtach acu. Tá ról thar a bheith tábhachtach ag na coistí seo maidir le tograí agus moltaí a bhaineann le beartais straitéiseacha a bhíonn le cur faoi bhráid an Údaráis Ceannais a bhreithniú agus a mheas go grinn. Tá cuntas in áit eile sa tuarascáil seo ar na nithe iomadúla ar thug an tÚdarás Ceannais aghaidh orthu sa tréimhse atá faoi chaibidil, agus ní luafaidh mise ach cúpla ceann díobh go hachomair anseo.

Scrúdaíodh agus glacadh straitéis bhuiséid na hOllscoile don bhliain acadúil 2013/2014; bhí tábhacht ar leith leis seo mar gheall ar na dúshláin a bhain le misean oideachais na hOllscoile a choimeád slán agus a chur chun cinn tráth a bhfuil cistí airgid gann nó á ngearradh siar agus, san am céanna, deimhin a dhéanamh de gur tugadh buiséad comhardaithe i gcrích. D'éirigh linn an méid sin a chur i gcrích.

Ba mhór ab fhiú sa tréimhse seo gur ghnóthaigh an Ollscoil ciste airgid trí iasacht fhadtéarmach ón mBanc Eorpach Infheistíochta; thart faoi €100 milliún atá i gceist agus dá bharr sin beifear in ann Plean Forbartha Caipitil na hOllscoile 2014-2018 a thabhairt i gcrích. Leis an gciste airgid sin, mar aon le foinsí cistiúcháin eile, tabharfar faoi áiseanna nua leighis, eolaíochta cógaisíochta agus innealtóireachta a thógáil agus ina theannta sin déanfar an campas a mhéadú agus a athchóiriú as seo go ceann cúpla bliain. D'fhaomh an tÚdarás Ceannais na coinníollacha a bhain leis an gcistiú iasachta ríthábhachtach seo. Mar chuid de Phlean Forbartha Caipitil na hOllscoile, d'fhaomh an tÚdarás Ceannais chomh maith pleananna cistiúcháin le haghaidh na hInstitiúide Eolaíochta Ábhar & Dromchla, Céim 2 agus le haghaidh Áras Bernal; is cuid dhílis de straitéis taighde na hOllscoile an dá thionscadal sin araon.

Is iad acmhainní daonna na hOllscoile an acmhainn is luachmhaire dá bhfuil aici – d'fhaomh an Ollscoil polasaithe gaolmhara ina thaobh sin i rith na tréimhse atá faoi chaibidil agus rinne sí ceapacháin thábhachtacha.

Mar atá luaite thuas, tá an-dul chun cinn á dhéanamh ag an Ollscoil i gcónaí agus í ag forbairt dhoimhneacht agus scóip a cuid gníomhaíochtaí mar institiúid léinn den scoth. Tá áiseanna nua den chéad scoth curtha leis an gcampas atá againn, agus tá líon na mac léinn atá againn – grúpa ilchineálach daoine – tar éis méadú go dtí breis is 13,000. Tá méadú ag teacht de shíor ar ilchineálacht agus ar mhéid an taighde atá ar siúl, agus feabhas ag teacht i gcónaí dá réir ar cháil na hOllscoile.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tsárobair a rinne mo chuid comhghleacaithe ar an Údarás Ceannais, mar chomhaltaí den Údarás féin agus freisin mar chomhaltaí de na coistí, a d'oibrigh chomh dícheallach sin. Ní miste a lua gur ar bhonn deonach a rinne siad ar fad an obair sin agus nach ndearna siad dhá leith dá ndícheall. Gabhaim buíochas ar leith leis an Ollamh Don Barry as an gceannaireacht a thug sé agus le comhaltaí foirne, mic léinn agus cairde na hOllscoile a d'oibrigh go seasta agus go díograiseach ionas go mbainfeadh an Ollscoil a cuid cuspóirí amach.

---

[1] John Dewey, Fealsamh Meiriceánach

Gach aon bhliain, gan eisceacht, cuirtear le forbairt na hOllscoile mar institiúid oideachais den scoth. De bharr dhúthracht na ndaoine atá luaite agam measaim go bhfuil an bhliain 2012/13, ainneoin a dheacra a bhí cúrsaí eacnamaíocha agus airgeadais, tar éis cur go mór leis an rath atá ar an Ollscoil agus gur cuid í den bhunchloch lena ndéanfaidh an Ollscoil gaisce san am atá le teacht.

An Breitheamh Onórach John L. Murray
Seansailéir

## RÁITEAS AN UACHTARÁIN



Is pribhléid dom agus is mór agam Tuarascáil Bhliantúil Ollscoil Luimnigh don Bhliain Acadúil 2012-13 a chur i láthair. Is deimhniú iad na héachtaí a dtugtar cuntas orthu sa tuarascáil seo go bhfuil ag éirí le hOllscoil Luimnigh i gcónaí a bheith ina hollscoil cheannródaíoch ar leith, atá ag múnlú na todhchaí trí oideachas agus trí dhaoine a chumasú le dul i ngleic le dúshláin an lae amárach. Agus a misean á chomhlíonadh aici, tá na caidrimh atá aici leis na pobail dá bhfónann sí á gcur chun cinn ag an Ollscoil; caidrimh is ea iad sin a bhfuil tairbhe le baint astu ag an Ollscoil agus ag na pobail sin araon. Tá cultúr

Is iontach mar atá an taighde atá ar bun san Ollscoil tar éis dul i bhfeidhm ar an saol mór – gintear táirgí, próisis agus paitinní a chruthaíonn poist ardluacha i mac-chuideachtaí, agus feabhas á chur ar shaol na ndaoine dá réir. Agus i mbliana tá mórthionscnaimh thaighde atá leagtha amach sa tuarascáil seo curtha chun tosaigh againn; orthu sin tá an tIonad don Chógaisíocht Sintéise agus Soladstaide ar deonaíodh €40 milliún dó mar thacaíocht don chomhoibriú ríthábhachtach atá ar siúl idir é agus 17 gcuideachta chógaisíochta agus ocht n-institiúid acadúla.

De thoradh Thionscadal Bernal, a bhfuil €52 luaite leis, cuirfear borradh tábhachtach faoin taighde san Ollscoil féin agus in Éirinn trí chéile. Faoin tionscadal seo tógfar foirgneamh taighde nua-aimseartha agus earcófar deichniúr Ollúna Bernal; de thoradh shaothar ceannródaíoch na n-ollúna seo déanfar taighde nuálach i réimsí a mbaineann tábhacht straitéiseach leo agus rachaidh sé chun tairbhe do na glúine san aimsir romhainn.

Tá Ollscoil Luimnigh ina ceannródaí ar feadh an ama san earnáil ardoideachais in Éirinn agus cláir léinn nua á mbunú sna dámha ar fad; tá stádas ar leith ag céimithe na hOllscoile seo dá réir sin ó thaobh a gcuid foghlama, taighde agus saineolais.

Tá an clár socrúcháin is mó in Éirinn agus ceann de na cláir is mó san Eoraip á reáchtáil ag ár gClár Comharoideachais; dá thoradh sin tá an Ollscoil i dtiúin leis na riachtanais saineolais atá ag an lucht gnó, an lucht tionscail agus ag na gairmeacha agus iad ag earcú mic léinn. Tá an ráta fostaíochta atá bainte amach ag céimithe na hOllscoile, aon bhliain amháin tar éis dóibh cáiliú, 13% níos airde ná an ráta atá bainte amach ag na sé ollscoil Éireannacha eile le chéile.

I rith na bliana seo d'éirigh thar barr lenár mic léinn agus lenár gcéimithe agus comórtais náisiúnta agus idirnáisiúnta buaite acu; bhain siad sin le disciplíní uile na hOllscoile agus le saol na hinstitiúide trí chéile. Is maith an teist iad na gradaim atá faighte acu ar cheannródaíocht na mac léinn nuair a bhíonn siad ar an gcampas agus iad ag dul ar aghaidh ina ngairm bheatha ina dhiaidh sin.

Tá tionscnaimh mhóra rannpháirtíochta pobail, imeachtaí pobail agus lear fairsing fiontar cultúir, spóirt, sóisialta agus oideachais tugtha isteach ag an Ollscoil agus sa tslí sin tá méadú tagtha ar a cuid comhpháirtíochtaí leis an bpobal trí chéile.

Cé gur i dtimpeallacht an-dúshlánach atá an Ollscoil ag feidhmiú táim deimhin de, de bharr gurb í an sprioc chéanna atá romhainn go léir i gcomhluadar Ollscoil Luimnigh, go spreagfar sinn lenár gcion sainiúil féin a dhéanamh san Ollscoil seo ar son an chomhphobail ar bhonn áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá súil agam go dtugtar léargas grinn sa tuarascáil seo ar chuid den chion oibre sin.

Go raibh míle maith agaibh.



An tOllamh Don Barry
Uachtarán

# AN tÚDARÁS CEANNAIS

Bunaíodh Ollscoil Luimnigh faoin Acht um Ollscoil Luimnigh, 1989 arna leasú le hAcht na nOllscoileanna, 1997 agus feidhmíonn sí i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta sin. Tá an fhreagracht fhoriomlán as gnóthaí Ollscoil Luimnigh dílsithe ag an Stát in Údarás Ceannais na hOllscoile, agus tá an tÚdarás ceaptha de réir Acht na nOllscoileanna, 1997. An Rúnaí Corparáideach a fheidhmíonn mar Rúnaí don Údarás Ceannais.

Le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú, bhain an tÚdarás Ceannais na nithe seo a leanas amach:

- Faomhadh ceapachán an Bhreithimh Onóraigh John L. Murray mar Sheansailéir na hOllscoile ón 1 Nollaig 2012 go dtí an 30 Samhain 2017.
- Ceapadh an tUasal Michael Houlihan ina Leas-Chathaoirleach ar an Údarás Ceannais. Ceapadh Cathaoirligh freisin ar an gCoiste Iniúchóireachta & Bainistíochta Riosca, ar an gCoiste Acmhainní Daonna, ar Plassey Campus Centre Ltd., ar Unijobs Ltd agus ar Chumann Alumni Ollscoil Luimnigh Teo.
- Bunaíodh ocht gcinn de choistí Údaráis Ceannais agus aontaíodh ar chomhaltaí a bhí le ceapadh ar na coistí sin mar aon le coistí agus boird eile de chuid na hOllscoile.
- Faomhadh na coinníollacha a bhain le hiasachtaí airgid a ghlacadh ón mBanc Eorpach Infheistíochta i gcomhair Phlean Forbartha Caipitil Ollscoil Luimnigh, 2014–2018.
- Faomhadh bunú Unijobs Ireland Ltd agus Chumann Alumni Ollscoil Luimnigh Teo mar fhochuideachtaí atá faoi úinéireacht iomlán na hOllscoile.
- Ceapadh an Dr Philip O'Regan ina Dhéan ar Scoil Ghnó Kemmy agus an Dr Fiona Farr ina Déan Teagaisc agus Foghlama; téarma trí bliana atá i gceist i gcás na beirte. Athcheapadh an Dr Huw Lewis ina Dhéan ar Scoil na nIarchéimithe agus an tOllamh Tom Lodge ina Dhéan ar Dhámh na Dán, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta; an dara téarma trí bliana atá i gceist i gcás na beirte. Athcheapadh an tOllamh Mary O'Sullivan ina Déan ar Dhámh an Oideachais & na nEolaíochtaí Sláinte go dtí an 31 Lúnasa 2014.
- Athbhreithníodh an obair a rinne an Coiste Iniúchóireachta & Bainistíochta Riosca le cúig bliana roimhe sin; ceapadh saineolaí seachtrach ar an gcoiste nua; faomhadh dréacht-Straitéis don Iniúchóireacht Inmheánach don tréimhse 2013–2015; faomhadh roinnt tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí; athbhreithníodh stádas na moltaí ón iniúchóireacht inmheánach agus athcheapadh na hIniúchóirí Inmheánacha go ceann trí bliana.
- Faomhadh Ráitis Airgeadais Chomhchuibhithe ÚAO don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2012 agus Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite do na blianta dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2011 agus 2012.
- Faomhadh aighneacht bhuiséid na hOllscoile don Bhliain Acadúil 2013/14.
- Nótáladh cur i bhfeidhm an chórais Bainistíochta Riosca i measc na Rannán agus na nDámh.
- Nótáladh na hAthbhreithnithe 'Oiriúnach don Fheidhm' i dtaca le Tionscadail Chaipitiúla, ar a n-áirítear Scoil Ghnó Kemmy agus Áras na nEolaíochtaí Sláinte.
- Faomhadh Polasaí Liúntais Taistil & Cothaithe d'Ollscoil Luimnigh.
- Faomhadh pleananna cistiúcháin le haghaidh Chéim 2 d'Áras na hInstitiúide Eolaíochta Ábhar & Dromchla; le haghaidh Thionscadal Bernal; chun tailte straitéiseacha atá ag síneadh leis an gcampas a cheannach; agus le haghaidh an Chonartha don Scoil Leighis.

- Faomhadh na polasaithe seo a leanas a bhaineann le hAcmhainní Daonna:
  - Nósanna Imeachta Oibriúcháin maidir le Comhaltaí Foirne Taighde a Earcú
  - Beartas & Nósanna Imeachta maidir le hArdú Céime ag Teorainn Tuillteanais agus Neamhthuillteanais an Cháis
  - Nósanna Imeachta maidir le hArdú Céime don Fhoireann Acadúil
  - Beartas & Nósanna Imeachta maidir le Stádas Ilbhliantúil a thabhairt do Chomhaltaí Foirne Acadúla a thosaíonn ina bpoist
- Faomhadh ceapacháin foirne.
- Breithníodh leibhéil na mac léinn fochéime ar glacadh leo don Bhliain Acadúil 2012/13 agus iarratais CAO don Bhliain Acadúil 2013/14.
- Faomhadh Dochtúireachtaí Oinigh a bhí le bronnadh.

***Liosta de Chomhaltaí an Údaráis Ceannais, Deireadh Fómhair 2012 go Meán Fómhair 2013***

| | | |
|---|---|---|
| An Seansailéir:<br>An tUasal Peter Malone*<br>An Breitheamh Onórach John L. Murray+ | An tUas. Martin Hayes~ | An tUas. Bobby O'Connor |
| An tOllamh Sean Arkins | An tOllamh Michael A Hayes | An tUas. Fachtna O'Driscoll* |
| An tOllamh Don Barry | An Dr John Hillery* | An Dr Máirtín Ó Droma |
| An Dr Marie Bourke* | An tUas. Michael Houlihan | An Dr David O'Flynn~ |
| Berni Brady, Uas.~ | An tUas. Tadhg B Kearney | Jackie O'Shaughnessy, Uas.* |
| An tUas. Michael Chapman* | An Dr J J Leahy* | An tUas. Michael Phelan~ *(d'éirigh sé as oifig i mí Lúnasa 2013)* |
| An tUas. Damien Clancy* | An tUas. Richard Howell~ | An Dr Wynette Redington~ |
| Breda Deedigan, Uas. | Trish Long, Uas.~ | An tUas. Pat Rockett |
| An Dr Eoin Devereux | An tOllamh Paul McCutcheon | An tUas. Cathal Ronan |
| Kay Doyle, Uas. | Annette McElligott, Uas.* | *(Tháinig Caitríona Ní Dhonnchú, Uas. i gcomharbacht air i mí an Mheithimh 2013)* |
| An tOllamh Colum Dunne | An Dr Seán McGrath | An tUas. Jerome Scanlan *(tháinig an Comhairleoir John Sheahan, Uas. i gcomharbacht air i mí an Mheithimh 2013)* |
| An tOllamh Jane Edwards* | An Comhairleoir Gerry McLoughlin *(tháinig an Comhairleoir Kathleen Leddin i gcomharbacht air i mí an Mheithimh 2013)* | An tUas. Cian Spillane (*tháinig Lily Carroll, Uas. i gcomharbacht air i mí an Mheithimh 2013)* |
| Neasa Fahy O'Donnnell, Uas.~ | An tUas. Adam Moursy *(tháinig Emma Porter, Uas. i gcomharbacht air i mí an Mheithimh 2013)* | Liz Stack, Uas.* |
| An tUas. John Field~ | Gráinne O'Connell, Uas.~ | An Dr Peter Tiernan~ |
| An tOllamh Thomas Garavan | An tUas. Joe O'Connell* | Judith Woodworth, Uas.~ |
| Anne Gleeson, Uas.* | An tUas. John O'Connell~ | |

* Comhalta go dtí deireadh mhí na Samhna 2012
~ Comhalta ó mhí na Nollag 2012
+ Comhalta ó mhí Eanáir 2013

NB: Tá nóta faoin bhfreastal agus faoi chostais in Aguisín 1

## CÉIMEANNA OINIGH

Bronnadh na Céimeanna Oinigh seo a leanas:

**Patrick Leo Colgan – Dochtúir le Dlí**

Ba é Patrick Leo Colgan an chéad léachtóir le cuntasaíocht agus airgeadas a ceapadh san Fhoras Náisiúnta um Ard-Oideachas i Luimneach nuair a bunaíodh an institiúid sin i 1972. I 1973 ceapadh é mar chéad Chláraitheoir. Faoin am a ndeachaigh sé ar pinsean i mí Mheán Fómhair 2002, bhí Leo ar an gCláraitheoir ab fhaide in oifig sna seacht n-ollscoil sa Stát.

**Patrick J Kelly – Dochtúir le Litríocht**

Bhí de cháil ar Patrick J Kelly go raibh sé ar dhuine díobh siúd ab fhorásaí agus ab éirimiúla sa chóras trí chéile agus ceapadh ina Stiúrthóir Seirbhísí Leabharlainne san Fhoras Náisiúnta um Ard-Oideachas, Luimneach é i 1972. Chuaigh sé ar scor i 1998, agus é ina Stiúrthóir ar an Rannóg Córas agus Seirbhísí Faisnéise. Is léiriú é teideal Pat ar an bhfás agus ar an nuálaíocht a thug sé isteach sa tseirbhís i mblianta tosaigh Ollscoil Luimnigh.

**John McGinn – Dochtúir le hEolaíocht Eacnamaíochta**

Ceapadh an Dr John McGinn ina Stiúrthóir ar an Rannóg Comharoideachais nuabhunaithe i 1979. Faoi stiúir John tháinig borradh ollmhór faoin Rannóg – tá clár 'Co-Op' na hOllscoile ar cheann de na cláir shocrúcháin is mó san Eoraip agus bíonn an-tóir ar chéimithe na hOllscoile an t-am ar fad agus na rátaí is airde fostaíochta á mbaint amach acu i measc institiúidí tríú leibhéal na hÉireann trí chéile.

**John O'Connor – Dochtúir le hEolaíocht Eacnamaíochta**

Ceapadh John O'Connor ina Oifigeach Airgeadais i 1973 agus ina Stiúrthóir Airgeadais agus Forbartha Fisiciúla i 1980. Aon fhoirgneamh amháin ar shuíomh 167 acra a bhí againn i 1972 agus mhéadaigh sin i gcaitheamh na mblianta go 43 foirgneamh ar 332 acra sa lá atá inniu ann; John O'Connor, thar aon duine eile, is cúis leis an méadú atá tagtha ar áiseanna agus ar bhonneagar na hOllscoile.



*An ró tosaigh (Clé go Deas)* Leo Colgan, céad-Chláraitheoir na hOllscoile; John O'Connor, céad-Oifigeach Airgeadais agus céad-Stiúrthóir Airgeadais agus Forbartha Fisiciúla na hOllscoile; an Dr John McGinn, Stiúrthóir Chlár Comharoideachais na hOllscoile; agus Patrick Kelly, céad-Leabharlannaí agus céad-Stiúrthóir Seirbhísí Leabharlainne na hOllscoile.
*An ró cúil (Clé go Deas)* Peter Malone, Seansailéir na hOllscoile; an tOllamh Paul McCutcheon, an Leas-Uachtaráin Acadúil & Cláraitheoir; agus an tOllamh Don Barry, Uachtarán na hOllscoile.

# FORBAIRTÍ ACADÚLA

### *An tIonad Teagaisc agus Foghlama*

- Ullmhaíodh modúil nua mar chuid de thionscnamh na hOllscoile i dtaobh 'An Curaclam a Leathnú' – oibríonn acadóirí ó dhisciplíní éagsúla le chéile chun modúil thráthúla, idirdhisciplíneacha a réiteach d'fhonn curaclam leathan a chur ar fáil. Roghnaíodh seacht modúl a bhí le cur i bhfeidhm i gCéim 1, agus 10 modúl eile le cur i bhfeidhm i gCéim 2.
- Reáchtáil an tIonad 'Why Maths Matters' – comhdháil lae i dtaobh na ndúshlán a bhaineann leis an oideachas matamaitice in Éirinn.
- Reáchtáladh ceardlanna dhá uair an chloig de chuid an Ghrúpa Scríbhneoirí agus tháinig os cionn 80 mac léinn iarchéime agus rannpháirtí ón dámh i láthair agus iad ag iarraidh barr feabhais a chur ar a gcuid scríbhneoireachta.
- Reáchtáladh ceardlanna éagsúla, ar a n-áirítear an tsraith 'Conversations in the Consortium', ceardlanna maidir le forbairt punainne, forbairt curaclaim, agus bunchúrsa ar thimpeallacht fhíorúil foghlama Sulis.
- Leanadh de cheardlanna éagsúla ar líne a dhearadh, a sholáthar agus a mhodhnú le haghaidh an chúrsa MSC ar líne sa Bhainistíocht Tionscadail atá á reáchtáil faoi scáth Ionad na Bainistíochta Tionscadail.
- Cháiligh deichniúr mac léinn ón Dioplóma Speisialtóireachta sa Teagasc, Foghlaim & Léann agus glacadh le 13 mhac léinn nua ar an gcúrsa sin in earrach 2013.
- Rinneadh sraith de na UL40 Talks a thaifeadadh agus a fhoilsiú.

### *Tionscnamh Scileanna ICT*

D'éirigh leis an Ollscoil 110 áit (luach iomlán €550,000) a ghnóthú faoi Thionscnamh Scileanna ICT an ÚAO; tionscnamh is ea é seo a tugadh isteach mar gheall ar an ngéarghá a bhí le líon na ndaoine cáilithe a mhéadú don earnáil fostaíochta ICT in Éirinn.

1. Ard-Dioplóma sa Néalríomhaireacht Mhóibíleach agus Shlán – 30 áit bronnta
2. Ard-Dioplóma i bhForbairt Bogearraí – 80 áit bronnta

### *An Ciste don Nuálaíocht agus Forbairt Straitéiseach*

Deonaíodh €535,000 do Chomhar na Sionna (Ollscoil Luimnigh, Coláiste Mhuire gan Smál & IT Luimnigh) faoin gCiste don Nuálaíocht agus Forbairt Straitéiseach atá faoi scáth an Údaráis um Ard-Oideachas.

### *Matamaitic do Mhúinteoirí 'Seachréimse'*

D'éirigh leis an Ollscoil conradh cistiúcháin ar bhonn iomaíochta a ghnóthú; luach circa €5 mhilliún in imeacht trí bliana atá i gceist agus is ón Roinn Oideachais agus Scileanna a fuarthas é, agus de chuspóir leis scileanna cothrom le dáta a thabhairt do mhúinteoirí matamaitice i seomraí ranga na hÉireann. Chláraigh an chéad chohórt, ina raibh breis is 300 mac léinn, in 2012/13.

### *Comhshocrú Feidhmíochta ar Bhonn Misin*

Chuir an Ollscoil Dréacht-Chomhshocrú Feidhmíochta ar Bhonn Misin faoi bhráid an Údaráis um Ard-Oideachas agus cuntas ann ar na príomhchuspóirí agus ar na príomhspriocanna as seo go ceann trí bliana

(2014–2016). Déanfar an cháipéis a fhaomhadh in 2014 mar chuid den Chomhrá Straitéise idir an ÚAO agus na hinstitiúidí ardoideachais go léir in Éirinn.

***Springboard 2013***

D'éirigh leis an Ollscoil 160 áit (luach iomlán €651,500) a ghnóthú in 'Springboard' – clár de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas, thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna; is é aidhm an chláir seo cabhrú le daoine dífhostaithe teacht ar dheiseanna ardoideachais agus oiliúna ar bhonn páirtaimseartha, solúbtha d'fhonn a gcuid scileanna a thabhairt cothrom le dáta nó scileanna nua a shealbhú i réimsí oiriúnacha fostaíochta.

- Máistreacht i mBainistíocht Fiontraíochta Idirnáisiúnta (*Master in International Entrepreneurship Management*) (Iarchéim NFQ 9) – 15 áit bronnta
- Máistreacht Eolaíochta i gCórais Bharainneacha Sigme (*Masters of Science in Lean Sigma Systems*) (Cianfhoghlaim) – 10 n-áit bronnta
- Máistreacht Eolaíochta i mBainistíocht Teicneolaíochta (*Masters of Science in Technology Management*) (Cianfhoghlaim) – 10 n-áit bronnta
- Saindioplóma i gCórais Bharainneacha Sigme (*Specialist Diploma in Lean Systems*) (Cianfhoghlaim) – 10 n-áit bronnta
- Saindioplóma i Sigme a Sé (*Specialist Diploma in Six Sigma*) (Cianfhoghlaim) – 10 n-áit bronnta
- Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Innealtóireachta (*Bachelor of Science in Engineering Science*) (Cianfhoghlaim/Ar an gCampas) – 25 áit bronnta
- Dioplóma i mBainistíocht Shlabhra an tSoláthair (*Diploma Supply Chain Management*) (Ar Líne) – 5 áit bronnta
- Teastas i mBainistíocht Riosca & Airgeadas Gnó Feidhmeach (*Certificate in Applied Business Risk Management & Finance*) – 10 n-áit bronnta
- Teastas i mBainistíocht Airgeadais & Faisnéise Gnó Feidhmeach (*Certificate in Applied Business Finance & Information Management*) – 10 n-áit bronnta
- Teastas i mBainistíocht Tionscadail Idirnáisiúnta Gnó Feidhmeach (*Certificate in Applied Business International Project Management*) – 10 n-áit bronnta
- Teastas i Ríomhaireacht Eolaíochta & Innealtóireachta (*Certificate in Science & Engineering Computer*) – 10 n-áit bronnta
- Teastas i Néalríomhaireacht Mhóibíleacht agus Shlán Eolaíochta & Innealtóireachta (*Certificate in Science & Engineering Mobile and Secure Cloud Computing*) – 10 n-áit bronnta
- Teastas i mBainistíocht Comhshaoil Eolaíochta & Innealtóireachta (*Certificate in Science & Engineering Environmental Management*) – 10 n-áit bronnta
- Ardteastas i mBainistíocht Maoirseoireachta agus Acmhainní Daonna (*Higher Certificate Supervisory Management and Human Resources*) – 15 áit bronnta



Téann mic léinn Innealtóireachta Aerloingseoireachta chun na spéire lena dtionscadail ina mbliain deiridh.

## CLÁIR NUA

Faomhadh na cláir nua seo a leanas sa bhliain acadúil 2012/13:

- Dioplóma i bhFolláine Phobail (*Diploma in Community Wellness*)
- Dioplóma i bhFolláine Phobail, Cumhachtú, Ceannaireacht agus Scileanna Saoil (*Diploma Community Wellness, Empowerment, Leadership and Life Skills*)
- Dioplóma Gairmiúil sa Chuntasaíocht (*Professional Diploma in Education*)
- Baitsiléir Eolaíochta i mBainistíocht Shlabhra an tSoláthair (*Bachelor of Science in Supply Chain Management*)
- Clár PhD Struchtúrtha i nGnó (*Structured PhD in Business*)
- Máistreacht sna Dána – Léann Éireannach Criticiúil (*Master of Arts in Critical Irish Studies*)
- Máistreacht sna Dána – Treoirchomhairleoireacht agus Forbairt Tréimhse Saoil (*Master of Arts in Guidance Counselling and Lifespan Development*)
- Clár PhD Struchtúrtha do Mhic Léinn Idirnáisiúnta (*Structured PhD for International Students*)
- Baitsiléir Eolaíochta i Léann Altranais (Idirnáisiúnta) (*Bachelor of Science in Nursing Studies (International)*)
- Máistir san Eolaíocht – Léann Altranais (Idirnáisiúnta) (*Master of Science in Nursing Studies (International)*)
- Máistir san Eolaíocht – Ardchleachtas Cúraim Sláinte (*Master of Science in Advanced Healthcare Practice*)
- Máistir san Altranas (Cúram an Néaltraithe) (*Masters of Nursing (Dementia Care)*)
- Máistir Gairmiúil san Oideachas (Teangacha) (*Professional Master of Education (Languages)*)
- Máistir Gairmiúil san Oideachas (Matamaitic) (*Professional Master of Education (Mathematics)*)
- Máistir Gairmiúil san Oideachas (Ceol) (*Professional Master of Education (Music)*)
- Máistir Gairmiúil san Oideachas (Corpoideachas) (*Professional Master of Education (Physical Education)*)
- Máistir Gairmiúil san Oideachas (Teicneolaíocht) (*Professional Master of Education (Technology)*)
- Máistir Gairmiúil san Oideachas (Gnó) (*Professional Master of Education (Business)*)
- Ard-Dioplóma in Eolaíocht agus Innealtóireacht maille le Béarla mar Theanga Iasachta (*Higher Diploma in Science and Engineering With English As A Foreign Language*)
- PhD i Múineadh an Bhéarla do Chainteoirí Teangacha Eile (*PhD in Teaching English to Speakers of Other Languages*)
- Teastas in Innealtóireacht Cháilíochta (*Certificate of Quality Engineering*)







Thuas:  (Clé go Deas) Marcus Horan, Aire Stáit do Thrádáil agus Forbairt; Joe Costello, TD; an tOllamh Tom Lodge, Déan Dhámh na nDán, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, Ollscoil Luimnigh; agus an tAthair Michael Kelly agus aitheantas á thabhairt acu don Lá Domhanda SEIF.

Thíos – mic léinn iriseoireachta ó Dhámh na nDán, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta a bhfuil gradaim buaite acu – Enda Dowling, Fionnuala Corbett, Niamh Drohan agus Liam Corcoran.



# DÁMH NA nDÁN, NA nDAONNACHTAÍ AGUS NA nEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

Lean Dámh na nDán, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta den mhisean atá acu eolas agus domhan níos fearr a chruthú trí theagasc, díograis i leith an taighde agus béim láidir ar ról na díospóireachta agus an phlé i bhforbairt scileanna eolais agus anailíse.

***Príomhghníomhaíochtaí***

- Líon na mac léinn PhD a cháiligh: 12
- 'Strange Fascination?' Reáchtáladh siompóisiam trí lá ar David Bowie agus tháinig os cionn 300 acadóir socheolaíochta, staire, ceoil, cultúir agus ealaíne as áiteanna ar fud na hÉireann, na hEorpa, na hAstráile agus Mheiriceá.
- Bhí an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Jimmy Deenihan TD, mar aon le hacadóirí áitiúla agus cairde i láthair ag Seoladh Leabhar Lárionad Léinn Gearmáinise na hÉireann.
- Reáchtáil Roinn na Socheolaíochta agus na Polaitíochta agus an Riaracháin Phoiblí an 5ú Scoil Gheimhridh um Modhanna Taighde na hEolaíochta Sóisialta.
- 'FOI15: The Right to Know' – tugadh le chéile oibrithe gairmiúla atá ag obair i ranna rialtais agus in eagraíochtaí seirbhíse poiblí; reachtóirí; acadóirí; na meáin chumarsáide agus páirtithe leasmhara eile chun grinnstaidéar a dhéanamh ar reachtaíocht na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise.
- Reáchtáil Roinn na Socheolaíochta, i gcomhar le Lárionad Ralahine don Léann Útóipeach, léacht phoiblí leis an Ollamh Erik Olin Wright dar theideal 'Transforming Capitalism Through Real Utopias.'
- Sheol an tOllamh Marie Cassidy, an Paiteolaí Stáit, an Tionscadal do Chumhachtú na mBan i Saol Acadúil na hEolaíochta agus na Teicneolaíochta (FESTA).
- 'Riot Grrrl!' Reáchtáladh siompóisiam maidir le Mná agus Rac-cheol – cuireadh páipéir i láthair, bhí díospóireacht phainéil ann, mar aon le taispeántas ar scáileán agus ceol beo ar an láthair.
- D'oscail an Ollscoil Stiúideo Craolta Dhigitigh – an chéad cheann dá shórt in aon institiúid acadúil sa tír, agus nasc díreach ann dá bharr le haon eagraíocht chraolacháin ar domhan.
- Reáchtáladh Comhdháil an Chumainn le Stair na mBan in Éirinn i mí an Aibreáin 2013.
- Thionóil an Cumann Éireannach le Léann Meiriceánach (IAAS) a chomhdháil in Ollscoil Luimnigh den chéad uair.
- Bhí comhdháil dar teideal 'The Politics of Land Grabbing: Strategies of Resistance' ar siúl i mí an Mheithimh 2013.
- Reáchtáladh 'The Importance of being Wilde: A one-day Symposium on Oscar Wilde and Fin de Siécle Culture' i mí an Mheithimh 2013.
- Cuireadh collóiciam dar teideal 'Reflective Practice in Language Teaching: what does it really mean?' ar siúl i mí an Mheithimh 2013.
- In Ollscoil Luimnigh, i mí Mheán Fómhair 2013, a reáchtáladh comhdháil bhliantúil an Ghrúpa Eacnamaíochta Polaitiúla Idirnáisiúnta de chuid Chumann na Breataine le Léann Idirnáisiúnta.

** Tá liosta de ghníomhaíochtaí dáimhe eile sna caibidlí i dtaobh Nasc lenár bPobail agus Idirnáisiúnú.*



Thuas: Laistigh de Dhámh Chruinne Éireann.

Thíos: Mícheál Ó Súilleabháin, Jimmy Deenihan TD agus an tOllamh Don Barry agus iad ag ceiliúradh sheoladh an MA sna Féilealaíona (*MA Festive Arts*) le taispeántas ó chompántas rince aeir Fidget Feet.



# DÁMH CHRUINNE ÉIREANN RINCE AGUS CEOL

Chuir Dámh Chruinne Éireann roinnt ócáidí, seimineár agus comhdhálacha ar siúl i mbliana; tugadh le chéile ceoltóirí, rinceoirí, cumadóirí, amhránaithe, stiúrthóirí ceolfhoirne agus cóiréagrafaithe – d'éirigh leo na traidisiúin reatha a chíoradh agus talamh úr a bhriseadh.

***Príomhghníomhaíochtaí***

- Step Up: Dance Project 2013 – comhthionscnamh de chuid Dhámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol agus na Comhairle Ealaíon a reáchtáladh i gcomhar le Damhsa Éireann. Is é cuspóir an tionscadail ná droichead a thógáil idir oideachas comhaimseartha an rince agus cleachtas gairmiúil comhaimseartha an rince in Éirinn. Gach bliain tugtar deis do sheisear de na damhsóirí comhaimseartha is cumasaí in Éirinn oibriú faoi stiúir aoi-chóiréagrafaithe a bhfuil clú agus meas orthu ar fud an domhain.
- Head to Toe, Body, Heart & Soul – seimineár faoi urraíocht Fhondúireacht Marie Duffy agus é curtha i láthair ag an rinceoir clúiteach, Michael Flatley, i mí Iúil 2013. Faoi scáth Dhámh Chruinne Éireann a reáchtáladh an ócáid seo, inar cíoradh an tslí a bhfuil múineadh an Rince Ghaelaigh á ghairmiúlú. Cuimsíodh ábhair ilchineálacha sa seimineár – bunús an rince Ghaelaigh, folláine na ndamhsóirí, cúrsaí dlí agus gnó, cóipcheart agus nuálaíocht.
- Ainmníodh compántas rince aeir Fidget Feet mar Chompántas Rince Cónaithe Dhámh Chruinne Éireann i mí an Aibreáin 2013. Is as Dún na nGall don chompántas seo, agus iad ar an gcompántas rince aeir is mó le rá in Éirinn; tá clú agus cáil orthu as na léirithe spleodracha faoi dhíon agus faoin spéir a chuireann siad ar siúl anseo in Éirinn agus níos faide i gcéin.
- Bunaíodh Ionad na Cruite faoi scáth Dhámh Chruinne Éireann i mí na Bealtaine 2013 agus d'aidhm leis scoláireacht, taibhiú agus ardtaighde ar an gcruit Ghaelach a spreagadh. Is ionad barr feabhais é chomh maith don chruit Ghaelach ag leibhéal dochtúireachta, agus naisc éifeachtacha á gcruthú le coláistí eile atá ag plé le taighde ar an gcruit agus ceol na cruite.
- Seimineár 'New Ethnochoreologists' arna chistiú ag IPEDAM Erasmus; tá Ollscoil Luimnigh ar cheann de dheich n-ollscoil Eorpacha atá páirteach i dtionscadal 'New Ethnochoreologists' – dianchlár deich lá atá cistithe ag Erasmus.
- Comhdháil Náisiúnta ESTA Éireann – bhí a chéad chomhdháil ag an mbrainse nuabhunaithe de Chumann Téadmhúinteoirí na hEorpa (ESTA) i mí Dheireadh Fómhair 2012, faoi choimirce Dhámh Chruinne Éireann.

** Tá liosta de ghníomhaíochtaí eile sna caibidlí i dtaobh Nasc lenár bPobail agus Idirnáisiúnú.*



Thuas: Mark Stasaitis, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Sarah McDonnell, Ollscoil Luimnigh agus iad in Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaighe ag seoladh an Acadaimh Oideachais Leighis – comhthionscnamh de chuid an dá ollscoil.

Thíos: Tá an Dr Leonard O'Sullivan agus buíon taighdeoirí san Ollscoil ag forbairt eiseachnámharlaigh lena úsáid i gcomhthéacs tionsclaíoch agus d'aidhm leis teacht roimh ghortuithe droma íochtaraí in earnáil na tionsclaíochta



# DÁMH AN OIDEACHAIS AGUS NA nEOLAÍOCHTAÍ SLÁINTE

Tá cuid de na cláir is forásaí i réimsí an oideachais agus na n-eolaíochtaí sláinte, mar aon leis na caighdeáin teagaisc agus taighde is airde dá bhfuil ann, á gcur ar fáil ag Dámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte.

***Príomhghníomhaíochtaí***


- Líon na mac léinn PhD a cháiligh: 25
- Tosaíocht láidir de chuid na Dáimhe is ea cumas taighde na foirne a mhéadú agus tá tacaíocht tugtha againn dár gcomhaltaí foirne féin nuair is gá agus iad ag tabhairt faoi chéim dhochtúireachta. Tá an-iarracht déanta leis againn méadú a chur ar líon na mac léinn dochtúireachta atá cláraithe ar chláir dhochtúireachta struchtúrtha.
- Tá méadú 39% ón mbliain roimhe sin tagtha ar líon na bhfoilseachán ISI ón Dámh.
- Mhéadaigh Dámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte líon na gclár oideachais leanúnaigh agus sholúbtha atá sí a sholáthar, agus tá 15 chlár den saghas sin ar fáil ó leibhéal Teastais go leibhéal Máistreachta. Is iomaí cineál clár atá ar fáil – Aclaíocht agus Corpacmhainn, Athshlánú Néareolaíoch, Meantóireacht Oideachais, Rince agus cláir eile nach iad.
- Ainmníodh Bernie Quillinan, an Roinn Altranais agus Cnáimhseachais, mar Sheaimpín na hOllscoile don Chomhpháirteachas Poiblí don tréimhse ó 2013 go mí na Nollag 2015.
- Tá croíchiste €143,000 leagtha amach mar thionscnamh síolchiste do chomhaltaí foirne acadúla mar thacaíocht dá dtaighde sna ceithre mhórthosaíocht taighde agus sa dá mhórchatagóir – tionscadail taighde idir ranna/disciplíní agus luath-thacaíocht ghairme.
- D'eagraigh an tOllamh Orla Muldoon agus Aisling O'Donnell, mar aon le hionadaithe ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus Ollscoil St Andrews, ceardlann lae dar teideal 'Shared Public Space, Commemoration, Celebration and the Psychology of Crowds'.
- Réitigh an Dr Stephen Gallagher agus beirt mhac léinn fochéime síceolaíochta tuarascáil taighde thar ceann Thionscadal Forbartha Pobail Chathair Luimnigh dar teideal 'Value of Community Development Projects in Limerick: Personal and Social Impact'.
- Thug an Scoil Leighis Iontrála Iarchéime a tacaíocht do Chomhdháil Athbheochana Idirnáisiúnta agus Sárthaispeántas Scileanna RESUS 2013; díríodh san ócáid sin ar eolaíocht na hathbheochana, leigheas éigeandála agus cúram réamhospidéil.
- Reáchtáil an Roinn Altranais agus Cnáimhseachais an 3ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Shláinte Phoiblí agus Cúram Maolaitheach.
- Reáchtáil Líonra Ubuntu, i gcomhar leis an Lárionad Taighde don Oideachas agus Cleachtas Gairmiúil, lá comhrá dar teideal 'Teaching for Social Justice, Equity and Sustainability in Initial Teacher Education'.
- Reáchtáil an Roinn Corpoideachais agus Eolaíochta Spóirt ócáid inar tugadh deis do 27 dalta iarbhunoideachais as 12 scoil a ghlac páirt i dTaispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT roimhe sin a dtionscadail taighde a chur i láthair.

** Tá liosta de ghníomhaíochtaí dáimhe eile sna caibidlí i dtaobh Nasc lenár bPobail agus Idirnáisiúnú.*



Thuas: Clare O’Callaghan, mac léinn ailtireachta de chuid na hOllscoile, ag taispeántas Design@UL.

Thíos: Bhí Orlaith O'Neill agus Claire Purcell ó Choláiste Mhuire, Inis, Co. an Chláir i láthair ag Seachtain Innealtóireachta na hOllscoile.



# DÁMH NA hEOLAÍOCHTA AGUS NA hINNEALTÓIREACHTA

Mar gheall ar an gcáil atá bainte amach ag Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta mar eagraíocht atá nuálach agus dírithe go láidir ar thaighde, tá éirithe léi san iomaíocht atá déanta aici i leith cistí airgid don taighde agus tá mic léinn agus comhaltaí foirne den scoth tarraingthe aici chuici féin.

### *Príomhghníomhaíochtaí*

- Cuireadh 103 tráchtas PhD i gcrích.
- Foilsíodh os cionn 290 páipéar achoimrithe ISI agus deonaíodh naoi bpaitinn nua.
- D'éirigh le comhaltaí den Dámh ioncam taighde €31.9m a ghiniúint.
- Fógraíodh Tionscadal Bernal, a bhfuil luach €52 luaite leis. Is é aidhm an tionscadail seo an taighde san Eolaíocht Fheidhmeach agus san Innealtóireacht a chur chun cinn agus aird faoi leith ar: (1) Eolaíocht Chógaisíochta agus Innealtóireacht, (ii) Ábhair Nua-aimseartha, Ábhair Bhithleighis agus Innealtóireacht, (iii) Fuinneamh agus Comhshaol Inbhuanaithe. Bunaíodh deich n-ollúnacht nua freisin.
- Lainseáladh an tIonad don Chógaisíocht Sintéise agus Soladstaide, a bhfuil luach €40 luaite leis, san Ollscoil agus tá Éire anois ina mol domhanda do thionscal na cógaisíochta dá thoradh sin.
- Is ionann na mic léinn Eolaíochta agus Innealtóireachta agus 46% de líon iomlán na mac léinn iarchéime neamh-AE san Ollscoil agus 23% de líon iomlán na mac léinn bunchéime neamh-AE.
- Cuireadh Tagarmharcáil Idirnáisiúnta i gcrích i leith na n-ionad agus na n-institiúidí seo a leanas: MSSI-SSPC – Purdue, SAM agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Dearadh Táirgí – an Ollscoil Theicniúil, Delft; Stokes – Ollscoil Maryland agus Purdue, SAM; iCOMP – Ionad na nÁbhar Comhchodach in Ollscoil Delaware, SAM; agus CARBOLEA – Comhlachas Taighde Fuinnimh na hEorpa.
- Tá 17 gclár á gcur ar fáil ar bhonn solúbtha agus leanúnach anois ag Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta, ó leibhéal Teastais go leibhéal Máistreachta. Áirítear ar na cláir sin Eolaíocht Eachaí, Bainistíocht Nuálaíochta agus Córais Bharainneacha Sigme a Sé.
- Sa dara Taispeántas Design@UL tugadh le chéile saothair dhearaidh ilchineálacha ó shé cinn de chúrsaí dearaidh bunchéime.
- Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta a chomhordaigh an freastal a rinne an Ollscoil ar Thaispeántas na nEolaithe Óga, ócáid ar thriall breis is 40,000 duine uirthi in imeacht trí lá.
- Cuireadh tús le scoláireacht nua i gcomhair taighde ar ainéarais inchinne i gcuimhne ar Rós Texas 2010, Adrienne Hussey, a fuair bás tobann le hainéaras ceirbreach réabtha.
- Bronnadh deontas idirnáisiúnta ar LERO, Lárionad Taighde na hÉireann don Innealtóireacht Bogearraí i gcomhar le Lárionad Taighde na hÉireann do na Teicneolaíochtaí Aontaithe (UTRC-Ireland), d'fhonn saineolas an Lárionaid ar shlándáil oiriúnaitheach a úsáid i dtaca le dearadh foirgneamh cliste.
- Tá tacaíocht fhial tugtha ag Fondúireacht Ailse an Lár-Iarthair d'Institiúid Taighde Stokes san Ollscoil – thug sí trealamh speisialtóireachta nach beag ar mhaithe leis an taighde leanúnach atá ar bun ag an Institiúid ar fhorbairt ardáin micrishreabhánaice ionas gur féidir ailse a dhiagnóisiú ag an leibhéal móilíneach.
- Comhoibreoidh Scoil na hAiltireachta, na hInnealtóireachta Sibhialta agus na hEolaíochta Ábhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i dtaobh tionscadal Taisteal níos Cliste ar fiú €9m é. De

thoradh an tionscadail seo, beidh lár Chathair Luimnigh agus na ceantair máguaird ina gCeantar Taisteal níos Cliste agus athrú mór chun feabhais orthu dá réir.

** Tá liosta de ghníomhaíochtaí dáimhe eile sna caibidlí i dtaobh Nasc lenár bPobail agus Idirnáisiúnú.*




Thuas: An tAire Airgeadais, Michael Noonan TD, agus é i láthair ag seoladh an chomhaontaithe nua comhpháirtíochta idir Scoil Ghnó Kemmy agus PwC.

Thíos: Is ar Scoil Ghnó Kemmy a bronnadh an gradam 'an Scoil Ghnó is Fearr' ag Gradaim an Eagarthóra de chuid InBusiness.



# SCOIL GHNÓ KEMMY

Tá Scoil Ghnó Kemmy ar cheann de na scoileanna gnó is mó sa tír agus beagnach 3,000 mac léinn lánaimseartha agus páirtaimseartha cláraithe inti. Tá rún daingean ag an Scoil Ghnó sárchaighdeán a chur i gcrích ina cuid teagaisc agus taighde agus naisc láidre, bhuana a thabhairt chun cinn leis an lucht gnó ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

***Príomhghníomhaíochtaí***

- Líon na mac léinn PhD a cháiligh: 7
- Is ar Scoil Ghnó Kemmy a bronnadh an gradam 'an Scoil Ghnó is Fearr' ag Gradaim an Eagarthóra de chuid InBusiness.
- Shínigh PwC agus Scoil Ghnó Kemmy comhpháirtíocht nua agus mar chuid den socrú cuireadh ainmneacha faoi leith ar dhá léachtlann nua den chéad scoth.
- Den dara bliain as a chéile, rangaigh Eduniversal an MA sa Turasóireacht Idirnáisiúnta (MA in International Tourism) i measc an 100 Clár Máistreachta is Fearr sa Turasóireacht agus Fáilteachas, rangú a bhain le 30 disciplín agus 154 tír ar fad.
- Reáchtáil an Scoil Ghnó Comhdháil na Fondúireachtaí Eorpaí don Fhorbairt Bainistíocht (EFMD), 2012, agus tháinig toscairí as 18 dtír go Luimneach don ócáid.
- Reáchtáil an Scoil Ghnó, Aviation Finance Finuas Network agus an tIonad Éireannach don Scothchleachtas Gnó i gcomhar lena chéile Clár Tacaíochta do Chuardaitheoirí Poist. Sa chlár 11 lá seo tugadh tacaíocht do na rannpháirtithe dul ar aghaidh chuig réimsí éagsúla d'earnáil na heitlíochta.
- Reáchtáladh fóram dar teideal 'Trading Minds' faoi scáth na Scoile Gnó; ba thionscnamh idir-ollscoile é seo arbh iad na mic léinn féin a bhí ina bhun agus an deis acu mórcheisteanna airgeadais na haimsire seo a phlé le ceannairí ón tionscal.
- Rinne Bill Shockley, comhpháirtí in Tinicum Capital Partners i Nua-Eabhrac, dhá cheardlann a chur i láthair d'fhoireann acadúil agus mic léinn na Scoile Gnó faoin teideal 'Private Equity Investing and Strategic Management'.
- 21ú Léacht Chuimhneacháin John Lovett agus Gradaim na Mac Léinn – rinne Pádraig Yeates anailís chomhaimseartha ar Fhrithdhúnadh 1913.

** Tá liosta de ghníomhaíochtaí dáimhe eile sna caibidlí i dtaobh Nasc lenár bPobail agus Idirnáisiúnú.*

# LEABHARLANN AGUS CÓRAIS FAISNÉISE

Éascaíonn Rannán na Leabharlainne agus Seirbhísí Faisnéise (LISD) teagasc, foghlaim agus taighde in Ollscoil Luimnigh trí acmhainní scoláireachta, seirbhísí faisnéise agus saoráidí foghlama atá saindírithe ar ardchaighdeán a sholáthar.

### *Tacaíocht don teagasc, don fhoghlaim agus don taighde*

Le linn na bliana, lean an Leabharlann ar aghaidh ag cur lena bailiúcháin chun taighde agus teagasc a fheabhsú san Ollscoil. D'oibrigh na leabharlannaithe dáimhe i gcomhar le comhaltaí foirne acadúla agus d'aontaigh siad pleananna chun sainbhailiúcháin a fhorbairt chun deimhin a dhéanamh de go dtabharfaí riachtanais na ranna acadúla agus na n-ionad taighde san áireamh. I ndámha áirithe, tástáladh córas orduithe díreach ón dámh agus córas sealbhaithe ábhair faoi thiomáint na dáimhe. I mbliana cuireadh doiciméad straitéise maidir le ríomhleabhair faoi bhráid Choiste Forbartha na nAcmhainní Faisnéise Leabharlainne; tharla sin de bharr dúbailt ar an méid úsáide a baineadh as ríomhleabhair idir 2011 agus 2013.

Cuireadh modúl scileanna taighde na Leabharlainne 'Realising Your Research Value: from Literature Review to Getting Published' ar siúl i Seimeastar 2 – d'éirigh thar barr leis agus cuireadh leagan oiriúnaithe de ar siúl ansin don fhoireann acadúil.

Ar na saothair thábhachtacha a cuireadh le bailiúcháin speisialta na Leabharlainne bhí an t-eagrán facsamhla speisialta teoranta de 'The Trees of Great Britain & Ireland' le Henry John Elwes agus Augustine Henry. Tá cuntas thar a bheith spéisiúil sa saothar seo ar na turais a thug Elwes agus Henry ar fud an domhain agus is leabhar eolais fíorluachmhar é i dtaobh na gcrann a fhásann in Éirinn agus sa Bhreatain.

### *Feabhsú leanúnach*

Rinneadh iniúchtaí próisis agus cuireadh grúpaí fócais ar siúl, cuireadh doiciméid cháilíochta le chéile agus cuireadh bailchríoch ar thuarascálacha; mar ullmhú don Athbhreithniú Cáilíochta ar an Leabharlann a rinneadh an obair sin.

I mbliana bhí Leabharlann Ollscoil Luimnigh ar an gcéad leabharlann in Éirinn a bhog a córas bainistíochta ó fhreastalaithe logánta go dtí an néal. An buntáiste is mó a bhaineann leis an athrú seo is ea an laghdú ar chostais agus ar am na foirne ós rud é go bhfuil cothabháil agus tacaíocht i leith crua-earraí agus bogearraí á láimhseáil anois ag gnólacht seachtrach.

| Príomhtháscairí Feidhmíochta na Leabharlainne agus na gCóras Faisnéise | 2012/2113 |
|---|---|
| Leabhair ar iasacht | 206,909 |
| Líon laethanta ar oscailt: Príomh-Leabharlann | 327 |
| Íoslódáil ar théacs iomlán ailt | 1,205,608 |
| Stoc iomlán leabhar sa chatalóg | 339,580 |
| Ríomhleabhair | 272,282 |
| Iriseáin chlóite agus ríomh-iriseáin | 64,370 |
| Bunachair sonraí bhibleagrafacha & lántéacs | 200 |
| Cuairteanna leabharlainne | 963,129 |
| Foireann na Leabharlainne (FTE) | 44 |
| Leabhair a fuarthas | 10,224 |
| Scileanna faisnéise: uaireanta oiliúna úsáideora a fuarthas | 5,255 |
| Páipéir thaighde a foilsíodh i dTaisclann Institiúideach Ollscoil Luimnigh | 3,085 |

***Eispéireas na mac léinn a fheabhsú***

Thug os cionn 1 mhilliún duine cuairt ar an Leabharlann i mbliana agus rinneadh 1.2 íoslódáil ón leabharlann ar líne. Cuireadh tús i Seimeastar 1 le seirbhís chomhairliúcháin duine ar dhuine chun cabhair fheabhsaithe, chuimsitheach a thabhairt dóibh siúd a bhíonn ag obair ar thascanna, ar thionscadail agus ar pháipéir thaighde. Cuireadh tuilleadh feabhais fós ar an tseirbhís fiosraithe ar líne 'Fiafraigh Dínn/Inis Dúinn' agus é anois ar an bpríomhphointe teagmhála le haghaidh ceisteanna agus aiseolais ó chustaiméirí. Tugadh isteach leagan móibíleach de chatalóg na Leabharlainne mar aon le seirbhís nua lenar féidir le húsáideoirí ríomhleabhair a íoslódáil ar ghutháin chliste agus ar tháibléid. Rinneadh pleananna urláir na Leabharlainne a nuashonrú agus a athdhearadh. Rinneadh measúnú cuimsitheach ar an Wi-Fi – tomhaiseadh na luasanna ag pointí ama i gcaitheamh an lae agus na seachtaine ionas go bhféadfaí feabhas a chur ar an soláthar Wi-Fi.

***Rannpháirtíocht sa Phobal***

Chruthaigh an Leabharlann taispeántas grianghraf le haghaidh UL40 agus cuireadh ar taispeáint é ag na hócáidí móra go léir agus ceiliúradh ar bun i rith na bliana.

Chuir Leabharlann na hOllscoile taispeántas de bhundréachtaí an scéil iomráitigh 'The Quiet Man' ar siúl i Músaem Scríbhneoirí Chiarraí i Lios Tuathail; rinneadh é sin chun céadfhoilsiú an ghearrscéil 'The Quiet Man' leis an scríbhneoir Éireannach Maurice Walsh 80 bliain ó shin a chomóradh.

Thug muintir Jim Kemmy Páipéir Jim Kemmy ar láimh don Ollscoil; aircív fhairsing is ea iad ina bhfuil ábhair a mbaineann tábhacht staire leo agus cur síos iontu ar ghairm ghairmiúil agus pholaitiúil an pholaiteora seo a chaith seal ina Mhéara ar Luimneach.

Léigh Donal Ryan – údar as Tiobraid Árann agus alumnus de chuid na hOllscoile – sleachta ón gcéad úrscéal leis, 'The Spinning Heart', ag ócáid léitheoireachta a reáchtáil an Leabharlann i mí an Mhárta. De thoradh 'The Spinning Heart' bhuaigh Donal Ryan gradam Nua-údar na Bliana ag Gradaim Leabhair na hÉireann, príomhghradam Leabhar na Bliana, 2012, agus ainmníodh é i gcomhair Dhuais Man Booker ina dhiaidh sin arís an bhliain sin.



Jimmy Deenihan TD, an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, in éineacht le Gobnait O'Riordan, Stiúrthóir Leabharlann Glucksman, agus iad ag féachaint ar thaispeántas 'The Quiet Man'.

# AN RANNÓG TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE

Cuid dhílis den Ollscoil í an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise (TF) agus cothaíonn an Rannóg gnó, taighde agus teagasc na hOllscoile; tugann sí tacaíocht do dhámha agus do rannóga agus cuireann sí féin cláir agus tionscadail thábhachtacha i gcrích.

- Thionscain an Rannóg TF athbhreithniú foirmiúil ar an bpróiseas sreabhadh oibre don Chreidiúnú Acadúil; próiseas is ea é seo atá bunaithe ar an teicneolaíocht agus baintear úsáid as chun cláir acadúla a fhorbairt, a dhoiciméadú, a mhodhnú agus a chreidiúnú.
- Leanadh den tacaíocht don tionscadal 'Maths 4 Teachers', agus cúnamh á thabhairt do circa 6,000 múinteoir iarbhunoideachais matamaitice; áirítear ar an gcúnamh seo socruithe go bhféadfaí seisiúin forbartha pearsanta, idir sheisiúin bheo agus sheisiúin thaifeadta, a sheachadadh ar bhonn leictreonach.
- Aistríodh na mic léinn go léir ó sheanchóras ríomhphoist na hOllscoile go Microsoft Office 365; tá an córas seo bunaithe ar an néal agus seirbhísí breise le fáil ann ó thaobh cumarsáide, uirlisí táirgiúlachta agus néalstórála de.
- Tá tacaíocht thábhachtach tugtha ag an Rannóg TF i dtaca le próiseas thoghcháin na mac léinn – cuirtear córais vótála leictreonacha ar líne ar fáil agus na córais sin slán sábháilte.
- Cuireadh mórthionscadal comhtháthaithe i gcrích trínar nascadh Córas Faisnéise Taighde na hOllscoile (RIS) leis an suíomh gréasáin corparáideach agus dá bharr sin is féidir gníomhartha taighde a chur i láthair an tsaoil mhóir agus is fearr an teacht a bheidh ag uathuirlisí rangaithe taighde ar nós *Webometric* ar an bhfaisnéis seo.
- Thacaigh an Rannóg TF le clár Job Bridge an Rialtais – clár atá ann ar mhaithe leo siúd atá dífhostaithe le fada; fostaíodh beirt fhostaithe faoin gclár ar feadh bliana.
- Chuir an Rannóg TF tacaíocht, bainistíocht tionscadail agus lóistíocht ar fáil ar mhaithe le bunú 'Uni Jobs' – tionscnamh de chuid na hOllscoile chun deiseanna fostaíochta san earnáil oideachais i Réigiún na Sionainne a threisiú.
- Chuir an Rannóg TF tacaíocht theicniúil, líonra agus chumarsáide ar fáil i dtaca leis an Ionsamhlú Gníomhaíochta i gcás Timpiste in Inbhear na Sionainne. Ba thionscadal ríthábhachtach é seo i dtaca le rannpháirtíocht na hOllscoile sa phobal agus ba é aidhm an tionscadail muirthimpeallacht nádúrtha an réigiúin a chosaint.
- Arís i mbliana chuir an Rannóg TF seomraí oiliúna TF agus tacaíocht TF ar fáil do chláir for-rochtana pobail ar nós an 'Whizz Kids Cyber Camp'.
- Bhí an Rannóg TF thar a bheith gníomhach agus comhairle & tacaíocht á gcur ar fáil aici i dtaca leis an tionscadal chun athchóiriú a dhéanamh ar theileascóp Bhiorra i nDiméin Chaisleán Bhiorra.
- I rith na bliana seo lean an Rannóg TF dá cuid tacaíochta don bhrainse atá ag an Ollscoil sa tSín.
- Tugadh ríomhairí nach raibh ag teastáil san Ollscoil níos mó don Camara Organisation agus bainfear úsáid astu sin i dtionscnaimh oideachais san Afraic agus i bpobail eile atá faoi mhíbhuntáiste.
- Tá tús curtha ag an Rannóg TF le feabhsú a cuid inniúlachtaí i dtaca le leanúnachas gnó agus athshlánú i gcás tubaiste. Mar chuid den obair seo cuireadh tús le suíomh athshlánaithe i gcás tubaiste le haghaidh na bpríomhchóras mar aon leis an lárionad rialúcháin éigeandála a chur

in oiriúint ionas go mbeadh ar a chumas an cheannaireacht agus na modhanna cumarsáide lárnacha cuí a chur ar fáil sa chás go dtarlódh éigeandáil nó tubaiste ar an gcampas.

- Uasghrádaíodh nasc Idirlín na hOllscoile agus dá thoradh sin méadaíodh an bandaleithead féideartha ó 2 go 10 meigighiotán sa soicind. Tá institiúidí oideachais réigiúnacha eile, ar nós Choláiste Mhuire gan Smál agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh tar éis tairbhe a bhaint as an uasghrádú seo ós rud é go mbaineann siadsan freisin úsáid as na naisc chéanna le haghaidh an idirlín.

# EISPÉIREAS NA MAC LÉINN

Cuireann Ollscoil Luimnigh eispéireas iontach agus sainiúil ar fáil do gach mac léinn, ag tabhairt deis dóibh a bheith ina gcéimithe eolasacha, oilte agus muiníneach.



## RANNÓG GHNÓTHAÍ NA MAC LÉINN

Lean Rannóg Ghnóthaí na Mac Léinn ar aghaidh i mbun comhoibriú agus tugadh isteach réitigh a bhí níos dírithe ar an teicneolaíocht agus níos cruthaithí chun cur le heispéireas na mac léinn agus ag an am céanna ag cur croí-sheirbhísí ar fáil.

**An Oifig Rochtana** - tugann an oifig seo tacaíocht agus spreagadh do dhaoine óga nach mbeadh ionadaíocht sách maith déanta orthu go traidisiúnta ag leibhéal an ardoideachais. Bhí 542 mac léinn Fochéime Rochtana in 2012/13 arb ionann é agus 5.59% de na mic léinn Fochéime.

**An Oifig Rochtana** - ghlac an Oifig páirt in oícheanta eolais lonnaithe sa phobal agus d'oibrigh sí ar chreat beartaithe do na seacht n-ollscoil chun líon na mbealaí iontrála CAO a laghdú.

**An Oifig Ealaíon –** chuir an Oifig roinnt taispeántas ar siúl lena n-áirítear '10 years of Contact Studios' agus an tionscadal '40 Tall Tales' agus chuir sí foilseachán le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh ar 40 bliain d'Aontas na Mac Léinn.

**An Oifig Idirchaidrimh don Phobal -** forbraíonn an Oifig seo comhpháirtíochtaí inbhuanaithe ollscoile/pobail. Bhí méadú suntasach ar líon na mac léinn a fuair Gradaim an Uachtaráin d'Obair Dheonach mar aitheantas ar an obair dheonach a rinne siad do phobail na hOllscoile.

**An tSéiplíneacht -** lean Teach Fáilte ar aghaidh ag mealladh níos mó cuairteoirí laethúla agus bhí sé páirteach i nGairdín Cuimhneacháin a fhorbairt mar chuid de cheiliúradh UL40.

**An Oifig Seirbhísí Tacaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas -** lean an Oifig seo ar aghaidh lena ról tábhachtach i bhforbairt agus i mbainistíocht na Scéime DARE (an Bealach Rochtana Míchumais ar an Oideachas) agus na Scéime HEAR (an Bealach Rochtana ar an Ardoideachas).

**Oifig na Mac Léinn Lánfhásta -** reáchtáil an Oifig seo sraith oícheanta eolais chun poibliú a dhéanamh ar na bealaí iontrála chun na hOllscoile do mhic léinn lánfhásta agus tosaíodh ag pleanáil leis an gClár Meantóireachta Piaraí do Mhic Léinn Lánfhásta a chur ar fáil an athuair.

**Oifig Riarachán Acadúil na Mac Léinn -** lean an Oifig ag tabhairt isteach réitigh nua theicniúla i gcomhar leis an Rannán IT chun cur le príomhphróisis ghnó na hollscoile agus chun taithí na mac léinn a fheabhsú.

**Seirbhís Comhairleoireachta na Mac Léinn** - tá ardú leanúnach ag teacht ar líon na mac léinn atá ag úsáid seirbhísí comhairleoireachta agus eagraíodh tionscadal nua píolótach Asperger/Uathachais. Rinneadh feabhsúcháin shuntasacha chomh maith ar an gcóras leictreonach I-Grade.

**Ionad Sláinte na Mac Léinn** – lean an tIonad de réimse seirbhísí cúraim sláinte a chur ar fáil do gach mac léinn lena n-áirítear clinicí ginearálta leighis, altranais, sláinte gnéis, síciatrachta, fisiteiripe agus comhairle frithghiniúna.

## AN COMHAROIDEACHAS AGUS RANNÓG NA nGAIRMEACHA

### *An Comharoideachas*

Is gné shainiúil d'eispéireas na mac léinn san Ollscoil é an comharoideachas, agus is anseo atá an clár socrúcháin oibre is mó sa tír agus ceann de na cinn is mó san Eoraip. Eagraíodh 1,600 socrúchán do mhic léinn thar líonra éagsúil lena n-áirítear seirbhísí airgeadais, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, innealtóireacht, déantúsaíocht, teicneolaíochtaí leighis, cógaisíocht, aeraspás, teicneolaíochtaí cruthaitheacha, bia, na gairmeacha, seirbhísí poiblí agus oideachas. Thug mac léinn as cúigear faoi shocrúcháin idirnáisiúnta i gcúig thír is fiche ar fud na gcúig mhór-roinn.

Tá Ollscoil Luimnigh ar an ollscoil Éireannach is mó a bhfuil páirt aici i gclár socrúcháin oibre Erasmus agus fuair an Rannóg €380,000 i maoiniú Erasmus chun tacú le mic léinn as gach disciplín a bhíonn ag tabhairt faoi shocrúcháin laistigh den Aontas Eorpach.

***Seirbhísí na nGairmeacha***

Bhí Aonach na nGairmeacha, 2012 ar an aonach gairmeacha tríú leibhéal ba mhó sa tír, agus tháinig breis is 130 fostóir ag iarraidh mic léinn a earcú ó réimse leathan disciplíní.

Léiríonn suirbhé a rinne an HEA le déanaí tiomantas na hOllscoile don infhostaitheacht, nuair a thaispeántar go bhfuil ráta fostaíochta chéimithe na hOllscoile, bliain tar éis na céime, 13% níos airde ná an ráta a bhaineann leis na sé ollscoil eile le chéile.

***Socrúchán Scoile***

Is ag Ollscoil Luimnigh atá an clár Socrúcháin Scoile is mó sa tír agus cuirtear os cionn 800 mac léinn ón dá chlár oideachais múinteoireachta déag atá ag an Ollscoil ag leibhéal fochéime agus iarchéime amach chuig timpeallachtaí beo ranga sa líonra de breis ar 500 scoil rannpháirteach.

## RATH AGUS ÉACHTAÍ NA MAC LÉINN

- Bhuaigh mic léinn de chuid na hOllscoile Comórtas Alltech Innovation lena bplean gnó agus dearadh do bhraiteoir pearsanta nua gáis, atá deartha chun gáis nimhneacha a bhrath agus chun beatha a shábháil.
- Bhain mic léinn ó Dhámh Chruinne Éireann an chéad áit amach i bhFleadh Cheoil na hÉireann - Lydia Warnock (an fhidil), Yasmin Lynch (an fheadóg stáin), Daoiri Farrell (amhránaíocht) agus Danny Collins (an cairdín agus an maindilín).
- Ba é Enda Dowling, mac léinn iriseoireachta an chéad bhuaiteoir ar an 'Padraig Kennelly Award for Excellence in Regional Journalism' do shraith alt a rinne iniúchadh ar dhrochthionchar na heisimirce ar phobail tuaithe. Bhuaigh Enda Gradam an Irish Examiner don Iriseoireacht Spóirt chomh maith. Bhuaigh Fionnuala Corbett an Gradam Live95 don Chraoltóireacht agus bhuaigh Liam Corcoran Gradam Vincent Doyle don Iriseoireacht Iniúchach.
- Bhuaigh Rebecca Burke, mac léinn fochéime AHSS, an chéad duais sa Chatagóir Oscailte de Chomórtas Bliantúil Uile-Éireann d'Óráid Seapáinise.
- Fuair Darya Yermak, Nicole Griffin agus John Hurley Scoláireacht Samhraidh 2013 an Bhoird Taighde Sláinte dá dtionscadail taighde.
- Rinne Dance Ireland Hazel Hodgins (BA Voice and Dance) a choimisiúnú chun scannán rince aon nóiméad a dhéanamh chun éagsúlacht na rince in Éirinn inniu a cheiliúradh.
- Bronnadh Gradam Chumann Duán na hEorpa-Cumann Scagdhealaithe agus Trasphlandaithe na hEorpa ar an Dr Ahad Abdalla – mac léinn iarchéime GEMS.
- Ba í Louise McCagh, mac léinn Eolaíochta Spóirt agus Aclaíochta sa cheathrú bliain, an chéad bhean a bhuaigh Teideal Domhanda Idirnáisiúnta na Cónaidhme Taecuando.
- Fógraíodh Alan Hilliard, céimí de chuid Scoil na hAiltireachta, mar bhuaiteoir na bliana seo de Ghradam bliantúil AAI Maurice Craig don Tráchtas Éireannach is fearr 2013.
- Bhuaigh Turlough Ryan, BA in International Insurance and European Studies, Gradam bliantúil don Aiste Fochéime is fearr de chuid Chumann Idirnáisiúnta Árachais agus Bainistíochta Bhaile Átha Cliath.

***SCOLÁIREACHTAÍ***

Bhí breis is €200,000 i maoiniú scoláireachta ar fáil do mhic léinn Fochéime sa bhliain acadúil 2012/13. Áirítear iad seo a leanas ar na príomhghradaim:

- 40 Scoláireacht UL40, arb ionann iad agus €2,000 an ceann.
- Scoláireachtaí Oifig Rochtana na hOllscoile, arb ionann iad agus €2,500 an ceann.
- 3 Scoláireacht Analog Devices, arb ionann iad agus €7,000 an ceann.
- Scoláireacht Microsemi, arb ionann í agus €3000 sa bhliain ar feadh 4 bliana.
- Scoláireacht Stryker, arb ionann í agus €2540 sa bhliain ar feadh 4 bliana.

Chomh maith leis sin bronnadh roinnt scoláireachtaí Iarchéime, scoláireachtaí taighde agus scoláireachtaí agus sparánachtaí a bhaineann le cláir ar leith. Bhronn Plassey Campus Centre san Ollscoil 20 sparánacht arb ionann iad ag €72,000 san iomlán.

# ÉACHTAÍ TAIGHDE

## TÉAMAÍ TAIGHDE

Tá sainiúlacht taighde bunaithe ag an Ollscoil trí éiteas taighde a chur chun cinn atá sannta ag teacht le chéile disciplíní scoite chun briseadh tríd bunúsach a bhaint amach agus cur chuige aistritheach á fheidhmiú acu – modh nuálach ailtéarnach taighde le hais an taighde bunúsach feidhmeach traidisiúnta – a aistríonn torthaí taighde níos tapúla i dtreo tráchtálú.

Áirítear na príomhréimsí taighde seo a leanas san Ollscoil:

- Eolaíocht Ábhar agus Dromchla
- Teicneolaíochtaí Faisnéise & Cumarsáide
- Sláinte
- Cultúr, Éagsúlacht agus Athrú Sóisialta
- Eolaíochtaí Matamaiticiúla Feidhmeacha
- Fuinneamh

## INSTITIÚIDÍ TAIGHDE

Tá ceithre institiúid taighde a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu san Ollscoil:

- An Institiúid Eolaíochta Ábhar & Dromchla (MSSI) - bunaíodh an institiúid seo sa bhliain 1998 mar lárionad sárchaighdeáin a chuireann buntaighde den scoth ar fáil ar ábhair a mbaineann tábhacht thionsclaíoch leo sna réimsí eolaíochta dromchla agus ábhar. Is iad seo a leanas téamaí taighde tosaíochta an MSSI: Innealtóireacht Bhithleighis & Bithábhair; Comhábhair; Ábhair Chógaisíochta agus Ábhair d'Fhuinneamh agus don Chomhshaol.
- Institiúid Taighde Stokes (SRI) - grúpa eolaithe agus innealtóirí ildisciplíneacha, ilnáisiúnta ag obair go dlúth le tionscail, le hospidéil agus leis an rialtas. Baineann príomhghníomhaíochtaí taighde an SRI le réimse na hinnealtóireachta meicniúla micrea-scála, go háirithe teirmishreabháin agus meicnic sholaid mhicreascála.

- Tugann Lero – Lárionad Taighde Innealtóireachta Bogearraí na hÉireann – foirne innealtóireachta bogearraí den scoth le chéile ó Ollscoileanna agus ó Institiúidí Teicneolaíochta i lárionad comhordaithe sárchaighdeáin taighde le béim láidir ar thionsclaíocht. Bíonn déileáil ag Lero le réimse leathan tionscal, gníomhaireachtaí stáit, comhlachtaí oideachais agus comhoibritheoirí idirnáisiúnta chun a dhá sprioc sárchaighdeáin taighde agus ábharthacht shóisialta agus gheilleagrach a bhaint amach.
- An Institiúid do Léann an Eolais sa tSochaí (ISKS) - institiúid taighde ildisciplíneach a bhfuil baint aici le smaoineamh criticiúil ar tháirgeadh agus ar úsáid an eolais acadúil. Tacaíonn an Institiúid le taighde ar athrú polaitíochta, sóisialta agus cultúrtha, agus ar ionannas agus ord sóisialta, go háitiúil, go réigiúnach agus ar fud an domhain.

MSSI STOKES INSTITUTE lero I·S·K·S

## NUÁLAÍOCHT AGUS TRÁCHTÁLÚ

- Fuarthas 28 faisnéisiú fionnachtana ó thaighdeoirí na hOllscoile (135 le cúig bliana anuas), rinneadh 11 iarratas ar phaitinní nua (45 le cúig bliana anuas), cheadaigh Oifig Paitinne na hEorpa agus Mheiriceá ceithre phaitinn nua Ollscoile, bunaíodh dhá chuideachta nua campais (bunaíodh naoi gcuideachta le cúig bliain anuas), agus síníodh seacht gcomhaontú aistrithe teicneolaíochta (37 le cúig bliain anuas). Tugadh chun críche comhaontuithe ceadúnais chun nuálaíochtaí de chuid na hOllscoile a úsáid le réimse cuideachtaí lena n-áirítear: Nokia, IBM, JBA, Ikon Semi agus Rosetta Foundation.
- Bunaíodh dhá mhac-chuideachta de chuid na hOllscoile le linn na bliana. Cuirfidh 'Celignis' seirbhísí anailíseacha ar fáil do bhithmhais agus d'fhorbairt bhreise ar theicneolaíocht bhithghlanta na hOllscoile. Forbróidh 'Neemo' teicneolaíocht na hOllscoile d'athleasú gáis nádúrtha, ag athrú gás nádúrtha go gásailín.
- Tá Cuibhreannas bunaithe ag an Ollscoil, IT Thrá Lí agus IT Luimnigh chun seachadadh roinnte ar sheirbhísí aistrithe teicneolaíochta a chumasú sna trí institiúid. Cuirfidh an Cuibhreannas seo, faoi stiúir Ollscoil Luimnigh, ar chumas cuideachtaí sa réigiún agus go náisiúnta leas a bhaint as an taithí leanúnach agus iad ag déileáil le ball ar bith den Chuibhreannas.
- Leanann Ionad Nuálaíochta Nexus in Ollscoil Luimnigh ar aghaidh á chur féin chun cinn mar ionad tacaíochta fiontraíochta ceannródaíoch i réigiún an Iarthair Láir. Tháinig fás 38% ar Nexus le linn na bliana, ag cur 16 chuideachta nua lena phortfóilió, rud a chiallaíonn go dtacaíonn sé anois le 42 cuideachta ar an iomlán. Infheistíodh sa bhreis ar €4.5m i dtionscadail cliant de chuid Nexus agus tá 105 duine anois ag obair i gcliantchuideachtaí. I rith na bliana cuireadh 50 mac léinn ar shocrúchán i gcuideachtaí Nexus, méadú 66% ar an mbliain roimhe. I measc na dtionscadal a fuair tacaíocht tá YellowSchedule, Sensomi agus ConceptWorx.
- Tá teicneolaíocht forbartha ag an Lárionad Taighde Braiteoirí Snáithín Optúil chun sábháilteacht níos fearr agus cóireáil níos éifeachtaí d'othair a bhíonn i mbun radaiteiripe a chinntiú.
- Fuair taighdeoir de chuid na hOllscoile, an Dr Mark Southern, Gradam Tráchtálaithe Déantúsaíochta, Innealtóireachta & Fuinnimh de chuid Fhiontraíocht Éireann mar


aitheantas ar an obair mhór atá déanta aige chun príomhtháirgiúlacht déantúsóirí Éireannacha a ardú – agus dá bhrí sin ag cur ar a gcumas dul chun cinn níos fearr a dhéanamh ina bhforbairt, díolacháin agus easpórtálacha dá dtáirge nua. Cuidíonn foireann an Dr Southern san Ollscoil le cuideachtaí trína gcuid saincheisteanna agus dúshláin theicniúla a mheaitseáil le réitigh den scoth a bhaineann le heolas ar thomhas déantúsaíochta, ionsamhlú, bogearraí agus staitisticí.



An Dr Sinead O'Keeffe, an Lárionad Taighde do Bhraiteoirí Snáithín Optúil, Ollscoil Luimnigh.

# FOINSÍ MAOINITHE

| Foinse an Mhaoinithe | Bliain Acadúil 2012/13 |
|---|---|
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 18,300,808 |
| Fiontraíocht Éireann | 7,371,824 |
| An Coimisiún Eorpach | 6,408,309 |
| Eile - an Stát | 3,445,060 |
| An Bord Taighde Sláinte | 2,742,984 |
| Tionscal | 1,767,132 |
| Eile – Neamhstát | 1,295,437 |
| **Iomlán** | **€41,331,554** |



## COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

Shínigh an Ollscoil 42 comhaontú suntasach taighde le tionscal arb ionann iad agus ranníocaíocht airgid tirim cuideachta sa bhreis ar thrí mhilliún euro. Áirítear iad seo a leanas ar chuideachtaí comhpháirtíochta: Alanya, Analog Devices, Stryker, Eli Lilly, agus Vistakon, Johnson & Johnson.

Tá comhpháirtíochtaí bunaithe ag an Ollscoil le roinnt gnólachtaí agus tionscal i ngach earnáil.

Áirítear iad seo a leanas ar ár gcomhpháirtithe taighde:

| | | |
|---|---|---|
| Abbvie | De Puy Orthopaedics | Liseen Mine |
| Action Point Learning | DELL | LM Ericssons |
| Aerogen | Delta Filtration | Logitech |
| Alanya | Design Partners | Lufthansa Technik |
| Alcatel-Lucent | EADS | Lumension Security |
| Alkermes | Eirecomposites Teo | MB Dynamics |
| Almir Business | Eirgen Pharma | MCL |
| ALR Innovations | EJ Solutions | Merck |
| Amebis Ltd | Eli Lilly | Movidius |
| Analog Devices | Elite Tool and Die | Nemo |
| APC Ltd | EMC | Oglesby & Butler |
| Aughinish Alumina (Rusal) | Enbio | Pfizer |
| Axis Composites | ERP Ireland | Poly-Pico |
| BE Aerospace | Gníomhaireacht Spáis na hEorpa | Powervation |
| Bearna Medical | Fidelity | QAD |
| Biomass Heating Solutions | Gencell Biosystems | Redmills |
| Bombardier | Glanbia | RedT |
| Bord Gais | Glantreo | Richard Keenan & Co |
| Boston Scientific | Glaxo Smith Kline | Roche |
| Bristol Meyers Squibb | Global Green Composites | Rosetta Foundation |
| Burgmann Packaging | Green Farm Foods | Scale-up Systems |
| Carbery | Haas Group International | Scott Bader |
| Carton Group | Henkel Ireland | Socomore |
| Cauwill Technologies | Hewlett Packard Laboratories | SourceDogg |


| | | |
|---|---|---|
| Celignis | Howmedica International | SPX Dollinger |
| Central Solutions | IBM | Stryker Ireland |
| Ceramicx Ireland | Ikon Semiconductor | Turas Bikes |
| Clada Medical | Information Mosaic | UCB Pharma |
| Clarochem Ireland | Innopharma Labs | United Technologies Research Centre |
| Cook Ireland | Janssen Pharmaceuticals | Vistakon |
| Corinthian Surgical Limited | JBA Consulting | Vitalograph |
| Crescent Diagnostics | Johnson and Johnson | Wyeth-Nutritionals |
| Crystal Energy | LearnOpt | ZMDI |

# BUAICPHOINTÍ TAIGHDE

- Tionscadal taighde eolaíochta agus innealtóireachta é Tionscadal Bernal san Ollscoil ar fiú €52 milliún é, agus cuirfidh sé cumas náisiúnta na hÉireann chun tosaigh go mór i réimsí a mbaineann tábhacht straitéiseach leo mar atá taighde Cógaisíocht, Bithleighis agus Fuinnimh. Tá earcaíocht deichniúr ollúna ar thús cadhnaíochta i gceist le Tionscadal Bernal chomh maith le tógáil foirgnimh taighde den scoth ar champas na hOllscoile.
- Is í Ollscoil Luimnigh atá i mbun an Ionaid don Chógaisíocht Sintéise agus Soladstaide (SSPC) ar bhronn SFI agus an tionscal maoiniú taighde €40 milliún air le tabhairt faoi thaighde ceannródaíoch chun déantúsaíocht chógaisíochta a dhéanamh níos éifeachtúla, níos costéifeachtaí, agus níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Comhoibriú uathúil atá san ionad idir 17 gcuideachta agus 8 n-institiúid acadúla agus beidh Éire mar lárionad domhanda do nuálaíocht próisis cógaisíochta agus d'ard-déantúsaíocht.
- Tá an Ollscoil mar chuid d'ionad Food for Health Ireland (FHI) ar bronnadh infheistíocht €21 milliún air ó Chlár Ionaid Teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann. Cuireann comhpháirtithe FHI eolas den scoth ar fáil ar eolaíocht agus ar an tionscal déiríochta in aon ionad taighde amháin atá dírithe ar chomhábhair chothaitheacha agus táirgí bia fheidhmiúil a fhorbairt, a tháirgeadh, a mhargú agus a dhíol chun sláinte agus folláine daoine a fheabhsú. Leithdháileadh maoiniú €2.4 milliún faoin ngradam seo don Ollscoil.
- Fuair an Ollscoil maoiniú infreastruchtúir €5.3 milliún ó SFI, maoiniú é seo a bhronntar ar ghrúpaí taighde a raibh tionscadail acu a léirigh comhpháirtíochtaí agus comhoibriú, naisc leis an tionscal, bainteacht le réimsí taighde a bhfuil tosaíocht tugtha dóibh in Éirinn agus pleanáil inbhuanaithe. Áirítear sa dámhachtain a fuair an Ollscoil tionscadail ina bhfuil taighdeoirí ag obair go dlúth le cuideachtaí Cógaisíochta, cuideachtaí Feiste Leighis, cuideachtaí Ardábhair agus cuideachtaí Bia.
- Bhronn an Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC) deontas tosaigh mór le rá ar fiú €1.5m é ar thaighdeoir de chuid na hOllscoile chun tabhairt faoi thaighde bunúsach ceannródaíoch ar chóireálacha nuálaíocha a fhorbairt do ghalair dhíscithe cnámh cosúil le hoistéapóróis.



An Dr Mary Shire, an Leas-Uachtarán Taighde, Ollscoil Luimnigh; an tAire Airgeadais, an tUasal Michael Noonan TD; an tOllamh Don Barry, Uachtarán Ollscoil Luimnigh; agus Jan O'Sullivan TD, an tAire Tithíochta agus Pleanála ag seoladh an Ionaid don Chógaisíocht Sintéise agus Soladstaide.



Chuaigh an tOllamh Phil Jakeman agus an tOllamh Dick Fitzgerald ó Ollscoil Luimnigh ag obair san ionad Food for Health Ireland (FHI) ar bronnadh infheistíocht €21 milliún air ó Chlár Ionaid Teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann.

- Dámhadh Ard-Deontas ón gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC) a bhfuil luach €2.5m leis thar chúig bliana ar ollamh de chuid na hOllscoile atá lonnaithe i LERO. Reáchtálfar an clár slándála agus príobháideachais oiriúnaithigh go comhoibritheach idir Lero in Ollscoil Luimnigh agus an Ollscoil Oscailte sa Ríocht Aontaithe. Díreoidh an taighde ar bhagairtí príobháideachais agus slándála a thagann chun cinn mar gheall ar úsáid teicneolaíochtaí nua soghluaiste agus uileláithreacha cosúil le fóin chliste agus seirbhísí néalbhunaithe.
- Bhronn an Bord Taighde Sláinte €1.8 milliún ar Ollscoil Luimnigh chun maoiniú a chur ar fáil d'ollamh le heacnamaíocht sláinte chun iniúchadh a dhéanamh ar na costais agus ar na sochair a bhaineann le hidirghabhálacha cúraim sláinte pearsanta agus a chuirfidh cruthúnas ar fáil mar bhunús le cinnteoireacht sa réimse seo.
- D'éirigh le taighdeoir de chuid na hOllscoile sa Chuibhreannas Feidhmeanna Matamaitice don Eolaíocht agus Tionsclaíocht (MACSI) maoiniú SFI ar fiú €2.1 milliún a fháil faoin gClár Dámhachtana Taighdeora. Bainfear úsáid as an maoiniú seo chun tacú le gníomhaíochtaí MASCI i dtaighde, comhoibriú le tionscal agus cur le próifíl na matamaitice go náisiúnta agus go domhanda araon.
- Bronnadh maoiniú ar fhoireann taighde de chuid Ollscoil Luimnigh mar chuid de thionscadal AE €5.8 milliún chun eiseachnámharlach a fhorbairt d'fheidhmeanna tionsclaíocha. Bronnadh €480,000 ar fhoireann taighde na hOllscoile chun tacú lena staidéar ar idirghníomhaíocht daonna-róbait do láimhseáil ardmhinicíochta chun an baol a bhaineann le gortú d'íochtar an droma a laghdú.

- Is in Ollscoil Luimnigh atá Lárionad Taighde Comhábhar na hÉireann (IComp), a cuireadh ar bun faoin tionscnamh d'Ionad Teicneolaíochta de chuid Fhiontraíocht Éireann agus an Údaráis Forbartha Tionscail agus atá lonnaithe san Institiúid Eolaíochta Ábhar agus Dromchla (MSSI).
- Bhronn an Institute of New Economic in Thinking i Nua-Eabhrac €360,000 ar thaighdeoir i Scoil Ghnó Kemmy chun staidéar a dhéanamh ar éabhlóid fiacha agus déimeagrafaíocht san Eoraip agus chun múnlaí nua a fhorbairt chun tuiscint a fháil ar gheilleagar na hEorpa.
- Tá dhá Ionad Teicneolaíochta eile lonnaithe san Ollscoil, mar atá an tIonad Teicneolaíochta do Bhithscagadh agus Bithfhuinneamh agus an tIonad Teicneolaíochta Micrileictreonaice.

# NASC LENÁR bPOBAIL

Déanann Ollscoil Luimnigh a seacht ndícheall le go mbeidh cáil orainn as an sárchaighdeán oibre a dhéanaimid do shaol eacnamaíoch, oideachasúil, sóisialta agus cultúrtha na hÉireann i gcoitinne agus i réigiún na Sionainne go háirithe. Bhí go leor tionscnamh i mbliana a bhain le mic léinn agus le foireann na hOllscoile a cheangal le baill de phobail oideachais, ghnó, tionscail agus áitiúla.

Reáchtáil Dámh na nDán, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta na himeachtaí pobail agus na comhdhálacha seo a leanas:

- Siompóisiam 'Transforming Local Government and Local Democracy in Ireland' - d'fhreastail baill den phobal, cleachtóirí agus lucht acadúil ar an siompóisiam seo a thug aghaidh ar thírdhreach athraitheach an rialtais áitiúil agus an daonlathais áitiúil in Éirinn le hábharthacht ar leith do Luimneach.
- Lá Domhanda SEIF Chúnamh Éireann – d'fhreastail an tAire Stáit do Thrádáil agus Forbairt, Joe Costello TD, ar an ócáid phobail seo a heagraíodh i gcomhar le Cúnamh Éireann agus le Fóram na hÉireann ar Shláinte Dhomhanda.
- D'eagraigh an Institiúid do Léann an Eolais sa tSochaí (ISKS), Supporting Social Inclusion in Regeneration in Limerick (SSIRL) agus Institiúid Chúrsaí an tSaoil in OÉ Gaillimh an chomhdháil dar teideal 'Transforming Local Government and Local Democracy' .
- Rinne comhaltaí foirne ón Institiúid do Léann an Eolais sa tSochaí obair ar Phlean Feidhmithe Creata Athghiniúna Luimnigh 2013 ina raibh bunanailís shocheacnamaíoch, tacaíocht straitéise agus comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara i gceist.

Chuir ***Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol*** réimse imeachtaí pobail ar siúl:

- Sraith Seimineár an Túir - sraith seimineár poiblí saor in aisce ag plé réimse ábhar ceoil agus rince le buíon mór ceoltóirí, rinceoirí agus lucht acadúil.
- Sraith Ceolchoirmeacha Lóin - ceolchoirmeacha lóin saor in aisce ina mbeidh ceoltóirí atá aitheanta go hidirnáisiúnta.
- Arioso - comhoibriú idir Dámh Chruinne Éireann agus Cumann na gCór Éireannach chun tuismitheoirí a spreagadh le hamhránaíocht, cantaireacht agus rannta a úsáid chun idirghníomhú lena bpáistí ón uair a saolaítear iad go mbeidh siad 18 mí.

- Ceardlanna 'A Taste of Africa' - sraith ceardlann idirghníomhach ag díriú ar cheol agus ar rince as réigiúin éagsúla na hAfraice. Bhí teacht le chéile sóisialta tar éis na gceardlann.
- Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta Ceoil agus Rince Thraidisiúnta 'Blas' - ceann de na scoileanna samhraidh is mó cáil in Éirinn ag a dtagann scoláirí ó áiteanna ar fud an domhain chun coicís a chaitheamh le cuid de na ceoltóirí, amhránaithe agus rinceoirí traidisiúnta is fearr in Éirinn.
- Fleadh na Mumhan - an fleadh cúige is mó sa tír áit a dtagann mílte de na ceoltóirí, na hamhránaithe agus na rinceoirí óga is fearr ar feadh seachtaine do thaispeántais agus do chomórtais.

Rinne **Dámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte** comhordú ar réimse gníomhaíochtaí agus clár:

- D'eagraigh an Dr Kieran O'Sullivan ó Theiripí Cliniciúla seimineáir faoi phian ainsealach; d'fhreastail os cionn 90 gairmí cúraim sláinte agus 70 ball den phobal ar na seimineáir.
- Bhunaigh ceathrar mac léinn fisiteiripe sa cheathrú bliain grúpa siúil sa phobal do dhaoine a bhfuil MS ag gabháil dóibh i gcomhar le Cumann Scléaróise Iolraí na hÉireann.
- Tá comhpháirtíocht bunaithe idir Roinn an Oideachais agus an Léinn Ghairmiúil agus OÉ Gaillimh chun comhghuaillíochtaí straitéiseacha a fheabhsú, ag tosú le comhsheimineár taighde.
- D'eagraigh an Scoil Leighis Iontrála Iarchéime Ospidéal na mBéiríní den chéad uair - tionscnamh faoi stiúir na mac léinn a bhfuil sé mar aidhm leis a chinntiú go bhfuil páistí ar a gcompord agus iad ag dul chuig an dochtúir.
- Ar Lá Domhanda na nDuán, d'eagraigh an tOllamh Austin Stack, i gcomhar le hOspidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair agus Cumann Duán na hÉireann, seisiún feasachta faoi shláinte duán.
- Seoladh comh-Acadamh Oideachais Leighis idir OÉ Gaillimh agus Ollscoil Luimnigh in Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaighe.
- Bhailigh mic léinn síceolaíochta sa chéad bhliain sa bhreis ar €3,000 ar an gcampas ar mhaithe le Rape Crisis Mid-West.



Seolann scoláirí idirbhliana ó Choláiste Chaisleáin an Treoigh Kieran Ryan, Ruth Kelly, Emma Cosgrave agus Alan Nicholas 'The Only Way is Up', comórtas ina ndearann daltaí meánscoile turgnamh ar féidir a dhéanamh sa spás.

D'oibrigh **Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta** leis an bpobal áitiúil, le comhpháirtithe oideachais agus taighde:

- Tá comhpháirtíocht nua agus spéisiúil bunaithe ag Roinn na nEolaíochtaí Beatha agus ag Meánscoil Choláiste Chiaráin atá dírithe ar chúrsa nua a chur ar fáil don tSraith Shóisearach san Eolaíocht Thurgnamhach. Beidh comhghníomhaíochtaí pleanála agus cuairteanna ar shaotharlanna teagaisc do sheisiúin phraiticiúla i gceist leis an gcúrsa.
- D'eagraigh an Roinn Ríomheolaíochta agus Córas Faisnéise Cibear-Champa do dhaltaí meánscoile a bhfuil suim acu i gcluichíocht agus i dteicneolaíocht.
- Rinne 69 mac léinn de chuid na hOllscoile obair dheonach thar dhá sheimeastar chun ranganna teagaisc saor in aisce sa mhatamaitic, san eolaíocht agus san innealtóireacht a chur ar fáil do dhaltaí meánscoile ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch/sóisialta mar chuid de Chlár Oibre Deonaí an Uachtaráin.
- Rinne an Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Aerloingseoireachta agus Bithleighis forbairt bhreise ar a comhpháirtíocht agus ar a gníomhaíochtaí malartaithe mac léinn leis an Georgia Institute of Technology.
- Chuir Roinn na nEolaíochtaí Beatha fáilte roimh bhreis is 400 dalta Ardteistiméireachta ó dheich meánscoil réigiúnacha chun tacú leo agus iad ag ullmhú dá Scrúduithe Praiticiúla Ardteistiméireachta sa Bhitheolaíocht.
- Reáchtáil Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta imeachtaí iontacha do Sheachtain na hEolaíochta a chuir deiseanna ar fáil do bhreis is 3,500 dalta agus múinteoir meánscoile casadh agus labhairt le hinnealtóirí agus le heolaithe.

- 'The Only Way is Up' – I gcomhar leis an gcuideachta Mheiriceá NanoRacks, bhí deis ag daltaí turgnaimh a chur isteach a bheadh le déanamh ar an Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta.

D'oibrigh **Scoil Ghnó Kemmy** go dlúth leis an tionscal agus le grúpaí pobail chun buntáistí a chur ar fáil don phobal i gcoitinne:

- Ghlac 26 fiontar beag go meánmhéide páirt in 'Business Transformation Programme' a d'eagraigh Scoil Ghnó Kemmy. Cuireann an clár seo ar chumas na rannpháirtithe oibriú go héifeachtach leis an rialtas agus le húdaráis rialála chun brabúsacht, fás agus cruthú post a bhaint amach.
- Tá comhpháirtíocht bunaithe ag KBS le Scoil & Ionad Naomh Gabriel - eagraíocht dheonach a chuireann oideachas agus teiripí sláinte ar fáil do suas le 400 páiste a bhfuil réimse míchumas ag gabháil dóibh. Tacaíonn foireann agus mic léinn na hOllscoile le hIonad Naomh Gabriel trí chomhairle a chur orthu i dtaca le polasaí, taighde a dhéanamh agus tacú le himeachtaí bailithe airgid mar aon le feidhmeanna riaracháin eile.
- D'eagraigh KBS Bricfeasta Gnó den chéad uair faoin téama 'Managing Uncertainty in Challenging Times'. Thug an ócáid seasca nóiméad eolais agus líonraithe d'úinéirí agus do bhainisteoirí gnó áitiúla chun cabhrú le fócas nua a thabhairt dá ngnó.
- Sheol Roinn na hEacnamaíochta in KBS an tIonad d'Éachtaí Acadúla, áit ar féidir le páistí sárbhuacha ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste teacht go dtí an campas chun staidéar a dhéanamh ar chúrsaí, e.g. conas aip a ullmhú, eolaíocht fhóiréinseach agus scéalta uafáis staire.

D'eagraigh ***an tIonad Teagaisc agus Foghlama*** roinnt ceardlann agus siompóisiam scríbhneoireachta chun deis a thabhairt don lucht acadúil agus don phobal i gcoitinne tabhairt faoi thascanna éagsúla scríbhneoireachta; d'eagraigh siad ceardlanna cúraim sláinte príomhúil do phobal an lucht siúil; agus reáchtáil siad Comórtas Náisiúnta Aistí na Meánscoileanna ar ghlac breis ar 70 dalta meánscoile páirt ann.

D'eagraigh ***Aonad na Gaeilge*** roinnt imeachtaí agus gníomhaíochtaí Gaeilge le linn na bliana, agus d'éirigh le 23 comhalta foirne Cúrsaí sa Ghaeilge a thabhairt chun críche. D'éirigh go han-mhaith le Beatha & Sláinte Operation Transformation 2013, tionscadal dátheangach cothaithe sláinte, agus tá méadú tagtha ar líon na ndaoine a dhéanann freastal ar na Maidineacha Caife a bhíonn ar siúl gach seachtain.

D'eagraigh **Plassey Campus Centre** codladh amuigh i nGráig an Droma Rua chun tacú le Focus Ireland, agus bhailigh siad €4,000 agus roinnt ciseán beatha a bronnadh ar Chumann Naomh Uinseann de Pól.

D'eagraigh ***Rannóg na nDearcealaíon*** san Ollscoil na taispeántais phoiblí seo a leanas:

- *There is an Aisle* le Eric Duhan
- *Khushboo,* uiscedhathanna luibheolaíocha le Nayana Sandur
- *Ceramics and Glass* ó Bhailiúchán Uí Mháille, an Institiúid Chultúrtha Ghael-Mheiriceánach

- *A Positive View* le Annemarie Bourke
- *Common Ground* taispeántas de shaothar nua le Pat Fitzpatrick
- *In Exchange* taispeántas de shaothar nua le healaíontóirí ó Contact Studios
- *The Act of Portrayal* taispeántas ilionaid
- *At Once a Surface and a Frame* taispeántas de cheithre fhíseán dhigiteacha le John Galvin
- *Evie Sacred Art* ó Bhailiúchán Uí Mháille, an Institiúid Chultúrtha Ghael-Mheiriceánach
- *Orientalism and the Female Gaze* ó Bhailiúchán Uí Mháille, an Institiúid Chultúrtha Ghael-Mheiriceánach







Rinne an Ollscoil comhpháirtíocht le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar thionscadal do Thaisteal níos Cliste, tionscadal a sheol an tAire Alan Kelly TD. Rinne sí comhpháirtíocht chomh maith le Rith Mór Luimnigh d'Ospidéal Barrington chun Spraoi-Rith Ollscoil Luimnigh do Pháistí a chur ar an bhfód.

# IDIRNÁISIÚNÚ

Déanaimid tréaniarracht an bhéim idirnáisiúnta atá againn a ghéarú trí cheangal a dhéanamh leis an timpeallacht dhomhanda, ár gcuraclaim a chur in oiriúint don domhan mór agus spiorad saoránachta domhanda a spreagadh inár mic léinn agus foireann.

### *An Rannóg Oideachais Idirnáisiúnta*

Cuireann an Rannóg Oideachais Idirnáisiúnta (IED) cuspóir straitéiseach na hOllscoile i bhfeidhm maidir le béim idirnáisiúnta a chur chun cinn trí mhic léinn idirnáisiúnta a earcú ar gach leibhéal agus malartaithe mac léinn idirnáisiúnta le hollscoileanna comhpháirtíochta a riar.

- Chuir Ollscoil Luimnigh fáilte roimh 2,225 mac léinn idirnáisiúnta as 95 tír sa bhliain acadúil 2012/13. Déantar mic léinn idirnáisiúnta a shainmhíniú mar mhic léinn nach Éireannaigh iad atá lánaimseartha agus atá anseo ar cuairt.
- Bhí an Rannóg i mbun gníomhaíochtaí bolscaireachta i raon leathan tíortha, lena n-áirítear an Bhrasaíl, an tSín, an India, an tSeapáin, an Rúis, an Araib Shádach agus SAM ar mhaithe le comhpháirtíochtaí institiúideacha a fhorbairt agus le freastal ar imeachtaí bolscaireachta agus earcaíochta mac léinn.
- Síníodh dhá chomhaontú oideachais trasnáisiúnta nua le hollscoileanna sa tSín. Mic léinn ón tSín a bheidh anseo a chaithfidh 50% dá gcéim fochéime sa tSín agus 50% dá gcéim in Ollscoil Luimnigh ar cheithre chlár céime i nDámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta.
- Síníodh comhaontú nua rialtais chun éascaíocht a dhéanamh agus maoiniú a chur ar fáil do mhic léinn ón mBrasaíl atá ag déanamh staidéir ar chláir Eolaíochta agus Innealtóireachta ar leibhéal fochéime agus taighde. Thaistil na chéad mhic léinn mar chuid den tionscnamh 'Science without Borders' go hÉirinn i mí Mheán Fómhair 2012.
- Chun feasacht ar chaighdeán Oideachais na hÉireann a chothú, seoladh Clár nua Ambasadóra do Mhic Léinn na Stát Aontaithe. Roinneann na hambasadóirí a dtaithí agus a léargais ar an saol mar mhac léinn i Luimneach ar bhlaganna, in ailt agus ar phostálacha físe, ag ceangal mic léinn ionchasacha ó SAM agus a dteaghlaigh leo siúd atá i mbun staidéir in Éirinn cheana féin.
- Tá fás leanúnach ag teacht ar an gclár don Staidéar thar lear, agus cuirtear fáilte roimh mhic léinn go dtí Ollscoil Luimnigh ar feadh seimeastar amháin nó ar feadh bliana agus bíonn na mic léinn in ann an creidmheas a fhaigheann siad san ollscoil seo a aistriú go dtí an ollscoil ag baile. Tá spéis shuntasach chomh maith á léiriú i gcláir níos gearrthéarmaí agus mar gheall air seo seoladh Scoil Samhraidh Innealtóireachta agus sruth nua ar an gClár sa Léann Éireannach i Miotais agus Finscéalta na hÉireann do Mheitheamh 2013.
- Tá clár Erasmus na hOllscoile ar an gceann is mó in Éirinn le 310 mac léinn de chuid na hOllscoile ag staidéar thar lear faoi Chlár Erasmus LLP. Rinne 88 mac léinn eile socrúchán acadúil in ollscoil lasmuigh den Eoraip. Tugann an raon cuimsitheach de chomhpháirtithe malartaithe idirnáisiúnta atá ag Ollscoil Luimnigh ar fud an domhain deiseanna luachmhara oideachais agus taithí do mhic léinn na hOllscoile agus chomh maith leis sin, cuirtear leis an bpobal idirnáisiúnta ar champas na hOllscoile trí mhic léinn agus lucht acadúil a bheith ar cuairt anseo. Tá líon na gcuairteanna teagascóirí agus foirne ag méadú go seasmhach laistigh den Ollscoil.

- Tá dul chun cinn á dhéanamh i dtaobh idirnáisiúnú an champais, go háirithe i dtaobh eispéireas idirnáisiúnta a bheith mar chuid fhoirmiúil de chláir acadúla san Ollscoil.

| ***Réimse iomlán na mac léinn idirnáisiúnta*** | ***An líon mac léinn*** |
|---|---|
| Mic léinn idirnáisiúnta i mbun céim iomlán | 1193 |
| Mic léinn ar cuairt: Staidéar thar lear agus Malartú | 1032 |
| Mic léinn malairte ag imeacht as Ollscoil Luimnigh | 398 |

***Comhdhálacha agus Imeachtaí Idirnáisiúnta***

- D'fhreastail Ollscoil Makerere, Ollscoil KwaZulu-Natal agus Ollscoil Dar es Salaam ar 'Responding to HIV/AIDS in Africa', a bhí maoinithe ag Cúnamh Éireann agus ag an Údarás um Ard-Oideachas, agus a d'eagraigh Dámh na nDán, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta.
- Ghlac an Dr Rachel Ibreck ó Roinn na Polaitíochta agus an Riaracháin Phoiblí páirt i gcruinniú comhairliúcháin an African Union Human Rights Memorial in Addis Ababa, an Aetóip.
- D'fhreastail 300 mac léinn as 21 tír ar Chlár Samhraidh Lárionad na dTeangacha san Ollscoil.
- Tá an Dr Orla McCormack ag obair le comhpháirtithe ón Aetóip agus ón Eoraip chun ceisteanna a bhaineann le forbairt inbhuanaithe a chomhtháthú le bunoideachas san Aetóip.
- Tá nasc comhoibríoch sínithe ag Roinn an Oideachais agus an Léinn Ghairmiúil le hOllscoil Uppsala sa tSualainn ag cur bonn foirmiúil faoin gclár malairte foirne agus mac léinn.
- Rinne comhoibriú idir GEMS agus Ollscoil Dalhousie i gCeanada iniúchadh ar aiste bia agus ar mheáchan páistí in ospidéil in Éirinn.
- Reáchtáladh collóiciam Idirnáisiúnta Sláinte agus Oideachas dar teideal 'Complex Learning Difficulties and Disabilities: Implications for Health & Education'.
- Rinneadh Cumann Rámhaille na hÉireann a sheoladh go foirmiúil mar chuid de chomhdháil a reáchtáil an tIonad d'Idirghabhálacha in Ionfhabhtú, Athlasadh & Imdhíonacht (4i) agus tháinig taighdeoirí as Éirinn agus ó thíortha ar fud na hEorpa le chéile agus iad dírithe ar thuiscint a fháil ar na gnéithe síciatracha agus fiseolaíocha a chuireann le rámhaille othar.
- Reáchtáil an Cuibhreannas Feidhmeanna Matamaitice don Eolaíocht agus Tionsclaíocht (MACSI) an 87ú ceardlann réitigh fadhbanna de chuid an Ghrúpa Staidéir Eorpaigh leis an tionscal.
- Bhunaigh an tOllamh David Meagher foghrúpa 4i inar tháinig taighdeoirí as Éirinn, SAM, an Ríocht Aontaithe, an Ísiltír, an Ghréig agus an Iodáil le chéile.

Déanann mic léinn idirnáisiúnta ó thíortha ar fud an domhain ceiliúradh san Ollscoil.

# GRADAIM AGUS ÉACHTAÍ FOIRNE

- Bhuaigh an Dr Ciara Breathnach Comhaltacht Flaherty in Ollscoil Massachusetts, Bostún.
- Ceapadh an tOllamh Meg Harper ina Stiúrthóir ar Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta Yeats.
- Bronnadh Comhalta Taighde Chliniciúil na Bliana ar an Dr Rosie Gowran as a cuid oibre le Debra Ireland ag Gradaim Chúraim Sláinte an Irish Medical Times.
- Ceapadh an Dr Tadhg Ó hIfearnáin ina phátrún oinigh ar Iaith - an tIonad Breatnach don Phleanáil Teanga.
- Ceapadh an Dr Orla McDonnell ar Bhord Clárúcháin nuabhunaithe na dTeiripeoirí Saothair.
- Roghnaíodh Tom Felle ar dhuine de bheirt chomhaltaí acadúla ar an gCoiste Saineolaithe Náisiúnta d'Athbhreithniú ar Fheidhmiú Saorála Faisnéise.
- Ceapadh an tOllamh Mike Larvin ar Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.
- Ceapadh Bernie Quillinan mar Sheaimpín na hOllscoile don Chomhpháirteachas Poiblí.
- Bhuaigh an Dr Judi Pettigrew agus a comhghleacaithe san Ospidéal Lárnach Mearbhaill, Dun Droma, Gradam Ann Beckett de chuid Chumann Teiripeoirí Saothair na hÉireann 2013.
- Bhuaigh Niall Seery, Léachtóir le Dearadh agus Teicneolaíocht Déantúsaíochta in Ollscoil Luimnigh, an Gradam Réigiúnach do Shárchaighdeán Teagaisc, atá comhordaithe ag Cuibhreannas Shionainne.
- Bhuaigh an tOllamh Emeritus Geraldine Sheridan, an Dr Michael Griffin agus Yvonne Diggins Gradam Náisiúnta Rogha na nDaoine d'Acmhainní Foghlama Digití as a gcuid oibre ar ríomhleabhair.
- Ceapadh an tOllamh Mike Hinchey, Stiúrthóir Lero, mar Chathaoirleach Rannóige ar an nGrúpa Meastóireachta Ríomheolaíochta, Comhairle Taighde Eolaíochta Nádúrtha agus Innealtóireachta Cheanada.
- Toghadh an tOllamh Stephen O'Brien, Stiúrthóir an Chuibhreannais Feidhmeanna Matamaitice d'Eolaíocht agus Tionscal (MACSI), ina Leas-Uachtarán ar Chuibhreannas na hEorpa don Mhatamaitic agus Tionscal.
- Ceapadh an tOllamh James Gleeson ina bhall comhairle ar Chomhairle Taighde na hÉireann.
- Toghadh an Dr Catherine Adley, Roinn na Ceimice agus na hEolaíochta Comhshaoil, ar Bhord Bainistíochta Chomhairle Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath.
- Toghadh Peter Carroll ó Scoil na hAiltireachta ar Chomhairle Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann.

- Bhronn Comhlachas Sóisear Idirnáisiúnta Luimnigh Gradam Duine Óg den Scoth 2012 ar an Dr Tofail Syed, Roinn na Fisice agus an Fhuinnimh.
- Bronnadh gradam ÓIR Chomhairle Brathadóirí IEEE 2012 (Céimí is fearr le Deich mBliana) ar an Dr Sinéad O'Keeffe i Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí agus Ríomhaireachta.
- Toghadh an Dr Peter Tiernan mar Chathaoirleach ar Innealtóirí Éireann – Réigiún Thuamhan.
- Fuair an Dr Deirdre O'Shea, Síceolaí Oibre agus Eagraíochta in KBS, Ardghradam as a cuid taighde PhD ó Shárghradaim Taighde Dochtúireachta Emerald/EFMD faoin gcatagóir Bainistíochta agus Rialachais.



Thuas: Bronnadh ceann de na deontais tosaigh is mó cáil de chuid na Comhairle Eorpach um Thaighde ar an Dr David Hoey chun tabhairt faoi thaighde bunúsach i bhforbairt cóireálacha nuálacha do ghalair dhíscithe cnámh cosúil le hoistéapóróis.

Thíos: Toghadh an Dr Peter Tiernan mar Chathaoirleach ar Innealtóirí Éireann – Réigiún Thuamhan.


ENGINEERS
IRELAND
EXCELLENCE
AWARDS
In association with:
Energy for
generations
ESB

# FÁS AGUS FORBAIRT

## FORBAIRT AR AN GCAMPAS

### *Tionscadail chaipitil*

- I mí Lúnasa 2013, cuireadh tús le hobair thógála ar shíneadh 2,784m2 ar an bhfoirgneamh MSSI a áireoidh 12 shaotharlann lena n-áirítear dhá shainsaotharlann trealamh ina mbeidh uirlisí atá uathúil don tír. Beidh taighdeoirí, foireann acadúil agus tacaíochta lonnaithe sa síneadh chomh maith. Táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe i mí Eanáir 2015.
- Sheol an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltacha, Jimmy Deenihan TD an Foirgneamh nuachóirithe Oideachais Fisiciúil agus Eolaíochtaí Spóirt.

### *Tionscadail ag céim na pleanála*

- Cuirfear tús le hÁras nua Taighde Bernal 7,650 m2 a thógáil i mí na Nollag 2013, agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe i mí an Mhárta 2015. Beidh saotharlanna lánfheistithe sa tsaoráid seo chun teagasc agus taighde a chumasú mar aon le hoifigí, áiseanna teagaisc, seomraí seimineáir agus léachtlann 200 suíochán.
- Tá sé beartaithe tús a chur le síneadh 2,608m2 ar Airéine na hOllscoile i mí na Nollag 2014 agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe in Eanáir 2016. Beidh giomnáisiaim nua agus áiseanna feistis agus cruinnithe mar chuid den tionscadal seo. Cuirfidh an síneadh seo le rannpháirtíocht an phobail agus cothóidh sé sochaí níos sláintiúla agus níos gníomhaí.
- Táthar ag súil go gcuirfear tús le comhfhorbairt leis an HSE ar Lárionad Oideachais agus Taighde Chliniciúil 3,442m2 ag Ospidéal na hOllscoile, Luimnigh i Meán Fómhair 2014. Táthar ag súil go mbeidh an t-ionad tógtha faoi Eanáir 2016. Beidh áiseanna teagaisc, leabharlann scileanna cliniciúla agus áiseanna taighde sa chomhionad seo agus tacóidh sé le Scoil Leighis na hOllscoile agus le pobal Ospidéal na hOllscoile, Luimnigh.
- Cuirfear tús le hathchóiriú ollmhór ar Áras Schrodinger i mí na Bealtaine 2014 agus déanfar an obair i samhradh na bliana 2014 agus 2015.
- Mar chuid de scéim Taistil Níos Cliste Luimnigh (comhaontú comhpháirtíochta idir an Ollscoil agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh) tógfar cosáin nua rothaíochta, bothanna rothar, áiseanna cithfholctha agus feistis ar an gcampas le linn 2014.






Cuireadh tús le pleanáil ar Áras Taighde Bernal a bhfuil luach €52 milliún luaite leis mar aon le háiseanna nua mar chuid d'Airéine Spóirt na hOllscoile.


### *Gradaim Foirgníochta*

Bronnadh an tríú háit i nDuais Idirnáisiúnta Ailtireachta RIBA Stirling ar Áras na Scoile Leighis Iontrála Iarchéime agus ar Árais Quigley na Mac Léinn lena thaobh.

### *Plassey Campus Centre*

Tá sé mar aidhm le Plassey Campus Centre tacú le heispéireas den scoth do mhic léinn chomh fada is a bhaineann sé le hionaid chónaithe na mac léinn, comhdhálacha agus imeachtaí samhraidh, seirbhísí miondíola agus lónadóireachta agus forbairtí ar an gcampas.

- Bhí 99% de na 2,500 seomra lán.
- I measc na bpríomh-chomhdhálacha agus imeachtaí a bhí ar siúl bhí Oiliúint Idirnáisiúnta Analog Devices, Scoil Samhraidh Georgia Tech, Eurovariety 2013, Féile Tailteann Nua – an Tóstal, Clár Chór na nÓg de chuid Chumann na gCór Éireannach, Fleadh na Mumhan, Comórtas Sacair Chupán Kennedy agus Campa Náisiúnta na nDaltaí de chuid Ord Mhálta.
- Cuireadh síneadh le Altitude House, an chéad ionad traenála airde cónaitheach, chun tacú le Triathlon Ireland, Swim Ireland agus leis an bhfear Spóirt Eachtraíochta Paul Devaney ar Alumni de chuid na hOllscoile é.
- Rinneadh athstruchtúrú ar Cheoláras na hOllscoile agus ceapadh Bord agus Bainisteoir Ginearálta nua a fhorbróidh treo straitéiseach an ionaid sna trí bliana amach romhainn.








# ACMHAINNÍ DAONNA

Tá breis is 1,300 comhalta foirne in Ollscoil Luimnigh. Tá sé mar aidhm ag an Rannóg Acmhainní Daonna foireann den scoth a mhealladh, a spreagadh agus a choinneáil agus a chinntiú go bhfuil tacaíocht acu chun a bpoitéinseal iomlán a bhaint amach.

***Príomhfhorbairtí***

- Fógraíodh 94 comórtas earcaíochta agus 75 comórtas earcaíochta taighde i gcaitheamh na bliana.
- Chuir an Rannóg Acmhainní Daonna cláir éagsúla san fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil: D'fhreastail 1187 fostaí ar chláir oiliúna sa tréimhse atá i gceist.
- Tugadh tacaíocht airgeadais do 66 fostaí chun páirt a ghlacadh i staidéir fochéime, iarchéime agus dochtúireachta mar chuid de thiomantas na hOllscoile chun tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach a fostaithe.
- Seoladh an Scéim Cóitseála Taighde ar an 6 Meán Fómhair 2013 agus meaitseáladh 45 iarratasóir le cóitseálaí taighde.
- D'fhorbair an t-aonad Foghlama agus Forbartha an clár 'Maximising your Research Outputs' agus tá sé sin ar fáil anois ar bhonn píolótach.
- D'éirigh le hiarratas na hOllscoile, i gcomhar le hollscoileanna eile in Éirinn, maoiniú a fháil ón Údarás Comhionannais chun meicníochtaí a aithint a chuirfidh tacaíocht níos fearr ar fáil do chomhaltaí foirne faoi mhíchumas. Cuireadh tús leis an tionscadal seo i samhradh na bliana 2013 agus táthar ag súil le torthaí i samhradh na bliana 2014.
- Lean an Ollscoil ar aghaidh lena tiomantas d'fhorbairt leanúnach a fostaithe ar fad trí fhorbairt cheannaireachta a chur ar fáil do cheannairí reatha agus ionchasacha laistigh den Ollscoil i rith 2013. Go dtí seo rinne 117 Bainisteoir Acadúil, Taighde agus Tacaíochta Cláir Forbartha Ceannaireachta. Tá na cláir modúlach agus baintear úsáid as uirlisí idirghabhála cosúil le haiseolas 360 céim, tuairiscí próifíle, Cóitseáil 1-1 agus rannpháirtíocht i dTionscadail Institiúide.
- Bhronn an Coimisiún Eorpach lógó 'Sárchaighdeán Acmhainní Daonna sa Taighde' ar Ollscoil Luimnigh i mí Eanáir 2013. Rinne an Ollscoil anailís inmheánach chun cleachtais institiúide a chur i gcomparáid le Cairt na hEorpa do Thaighdeoirí agus le Cód Iompair Earcaíochta Taighdeoirí, chun Straitéis Acmhainní Daonna agus Plean Gnímh Ollscoil Luimnigh do Thaighdeoirí a fhorbairt.
- Seoladh an Clár Cóitseála Taighde i mí Mheán Fómhair 2013 agus fuarthas breis is 70 iarratas.
- Chuaigh 22 fostaí ar scor sa tréimhse idir an 1 Deireadh Fómhair 2012 agus an 30 Meán Fómhair 2013.
- Rinneadh uasghrádú ar Thairseach Féinseirbhíse Acmhainní Daonna chun tuilleadh feidhmeanna agus comhéadan úsáideora níos fearr a chur ar fáil.
- D'éirigh leis an Rannóg Acmhainní Daonna a creidiúnú ISO 9001 a choinneáil.
- Sheol na seacht n-ollscoil in Éirinn seirbhís nua roinnte i rith 2013. Is tairseach roinnte seirbhísí é www.universityvacancies.com do gach folúntas in earnáil ollscoile na hÉireann. Tugann an tairseach nua rochtain d'iarrthóirí ionchasacha ar gach folúntas acadúil, taighde, bainistíochta, riaracháin agus seirbhíse tacaíochta in earnáil ollscoile na hÉireann. Is í Rannóg Acmhainní Daonna Ollscoil Luimnigh a bhí i mbun an tionscnaimh seo a stiúradh agus d'fhorbair na seacht n-ollscoil é i gcomhar le chéile trí Chumann Ollscoileanna na hÉireann.

# AIRGEADAS

### *Ioncam*

- Tháinig laghdú beag ar ioncam go €122.18 milliún ó €122.55 milliún.
- Tháinig laghdú ar dheontais iomlána ón Stát ó €41.99 milliún go dtí €36.73 milliún, arb ionann é agus laghdú 12.5%. Bhain an laghdú seo den chuid is mó le laghdú ar chostais phinsin. Tháinig laghdú 2.0% ar an mbundeontas athfhillteach Stáit ó €27.0m go €26.3m. Tháinig méadú 6.6% ar ioncam ó tháillí mac léinn ó €76.56 milliún go €81.58 milliún, rud a léiríonn polasaí leanúnach an Stáit an costas a bhaineann le maoiniú na hearnála tríú leibhéal a bhogadh ón Stát go dtí an mac léinn aonair.
- Tháinig laghdú ar ioncam ó fhoinsí eile ó €4 mhilliún go €3.86 milliún, arb ionann é agus laghdú 3.6%, de bharr laghdú in ioncam úis a bhí fritháirithe de chuid ag ioncam ó phoist mhaoinithe agus ag ioncam ó chláir éagsúla Springboard agus scileanna ICT.

### *Caiteachas ar Sheirbhísí Acadúla agus ar Sheirbhísí Gaolmhara*

- Tháinig laghdú ar chaiteachas ar Sheirbhísí Acadúla agus ar Sheirbhísí Gaolmhara ó €122.24 milliún go €121.58 milliún, laghdú 0.5%.

### *Taighde ar Conradh agus Tionscadail Eile Fhéinmhaoinithe*

- Tháinig méadú 3.8% ar ioncam ó Thaighde ar Conradh ó €24.28 milliún go €25.20 milliún le linn na bliana atá faoi athbhreithniú. Cuirtear fáilte roimh an aisghabháil leanúnach i leibhéil ioncaim taighde agus táthar ag súil gur féidir an móiminteam seo a choinneáil nuair a chuirtear tuilleadh de thionscadal Bernal i bhfeidhm.
- Tháinig méadú 11.2% ó €9.19 milliún go €10.22 milliún ar chaiteachas ar thionscadail fhéinmhaoinithe. Leanann an Ollscoil ar aghaidh le go leor de na gníomhaíochtaí stairiúla sa réimse seo a phríomhshruthú. Is ann don mhéadú seo mar gheall ar ioncam ó chláir nua spriocdhírithe cosúil leis an gClár in Oideachas Múinteoirí Matamaitice agus ioncam a bhaineann le bunú an Fhóraim Náisiúnta Teagaisc agus Foghlama.

### *An Clár Caipitil*

- B'ionann caiteachas caipitil na hOllscoile agus €17.0 milliún i rith na bliana; bhain €5.4 milliún le trealamh agus an chuid eile le talamh agus le foirgnimh. Laghdú €3.4 milliún é seo ar an gcaiteachas iomlán caipitil sa bhliain roimhe sin.
- Caitheadh €2.9m ar an bhFoirgneamh IBC agus an talamh a bhaineann leis a cheannach ó Fhorbairt Shionainne. Caitheadh €2.7m ar Fhoirgneamh na Scoile Leighis Iarchéime agus ar Chóiríocht na Scoile Leighis a osclaíodh i mí Mheán Fómhair 2012.
- Caitheadh €0.9m ar thús a chur le tógáil Áras Thionscadal Bernal ina mbeidh saotharlann lánfheistithe 7,459m2 chun taighde deichniúr ollúna nua a chumasú.
- Tá clár forbartha fisiciúla na hOllscoile á chur i bhfeidhm go rathúil de thoradh na gcistí thar a bheith suntasach atá á gcur ar fáil don Ollscoil ag foinsí príobháideacha i gcomhar le maoiniú Stáit.

**UNIVERSITY OF LIMERICK**

**CURRENT INCOME AND EXPENDITURE ACCOUNT** **YEAR ENDED 30 SEPTEMBER**

| **INCOME** | **NOTES** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | **€'000** |
| State Grants | 1 | 36,734 | 41,989 |
| Student Fees | 2 | 81,584 | 76,557 |
| Other Income | 3 | 3,858 | 4,004 |
| | | 122,176 | 122,550 |
| Contract Research and Other Self-Funded Projects | 4 | 35,419 | 33,476 |
| | | 157,595 | 156,026 |
| Mary Immaculate College | | | |
| State Grants | | 7,716 | 11,470 |
| Student Fees | | 8,053 | 8,521 |
| Less amount transferred to College | | (15,769) | (19,991) |
| **Total** | | **157,595** | **156,026** |
| **EXPENDITURE** | | | |
| Colleges and Departments | 5 | 66,930 | 67,134 |
| Academic and Other Services | 6 | 9,699 | 9,186 |
| Premises | 7 | 12,846 | 12,495 |
| Amount allocated for Capital Purposes | 8 | 1,425 | 1,207 |
| Central Administration and Services | 9 | 14,428 | 12,334 |
| General Educational Expenditure | 10 | 2,580 | 1,875 |
| Student Services | 11 | 3,701 | 3,374 |
| Miscellaneous Expenditure | 12 | 9,968 | 14,631 |
| | | 121,577 | 122,236 |
| Contract Research and Other Self-Funded Projects | 4 | 35,419 | 33,476 |
| **Total** | 13 | **156,996** | **155,712** |
| **Surplus on Activities before Amortisation of Capital Reserves and Grants, Ancillary Services and Depreciation of Fixed Assets** | | **599** | **314** |
| Surplus on Ancillary Services | 14 | **(168)** | **567** |
| Depreciation of Fixed Assets | 15 | **(11,735)** | **(11,275)** |
| General Reserve Movement | 16 | **11,903** | **10,708** |
| **NET SURPLUS for year** | 24 | **599** | **314** |

**UNIVERSITY OF LIMERICK**

**BALANCE SHEET** **YEAR ENDED 30 SEPTEMBER**

| | NOTES | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|---|
| **TANGIBLE FIXED ASSETS** | 17 | 373,067 | 367,860 |
| **INVESTMENTS** | 18 | 6,334 | 6,275 |
| **CURRENT ASSETS** | | | |
| Bank Balances and Cash | | 83,059 | 80,787 |
| Debtors and Prepayments | 19 | 8,655 | 6,575 |
| | | 91,714 | 87,362 |
| **CURRENT LIABILITIES** | | | |
| Creditors and Accrued Expenditure | 21 | (100,682) | (93,159) |
| **NET CURRENT ASSETS/(LIABILITIES)** | | (8,968) | (5,797) |
| **LONG TERM LIABILITIES** | | | |
| Creditors due after one year | 27 | (9,397) | (10,486) |
| **TOTAL ASSETS LESS TOTAL LIABILITIES** | | **361,036** | **357,852** |
| **REPRESENTED BY** | | **€'000** | **€'000** |
| General Reserve | 22 | 337,684 | 334,715 |
| Restricted Reserves | 23 | 24,256 | 24,640 |
| Revenue Deficit | 24 | (904) | (1,503) |
| | | **361,036** | **357,852** |

# Aguisín 1

***Freastal ar chruinnithe an Údaráis Ceannais 2012-2013***

Faoin gCód Rialachais Náisiúnta, 2012 tá ar an Ollscoil tinreamh gach ball den Údarás Ceannais ag cruinnithe a thaifead. Reáchtáladh deich gcruinniú sa tréimhse atá i gceist. Nuair nach raibh ball in ann freastal ar aon cheann de na deich gcruinniú tugtar sonraí thíos.

An tOllamh Sean Arkins – d'fhreastail sé ar 6 as 10 gcruinniú;

An tOllamh Don Barry – d'fhreastail sé ar 10 as 10 gcruinniú;

An Dr Marie Bourke – d'fhreastail sí ar 2 as 2 chruinniú;

Berni Brady, Uas. – d'fhreastail sí ar 5 as 8 gcruinniú;

Lily Carroll, Uas. – tháinig sí i gcomharbacht ar an Uasal Cian Spillane agus d'fhreastail sí ar 2 as 2 chruinniú;

An tUas. Michael Chapman – d'fhreastail sé ar 2 as 2 chruinniú;

An tUas. Damien Clancy[1] – d'fhreastail sé ar 0 as 2 chruinniú;

Breda Deedigan, Uas. – d'fhreastail sí ar 7 as 10 gcruinniú;

An Dr Eoin Devereux – d'fhreastail sé ar 10 as 10 gcruinniú;

Kay Doyle, Uas. – d'fhreastail sí ar 10 as 10 gcruinniú;

An tOllamh Colum Dunne – d'fhreastail sé ar 9 as 10 gcruinniú;

An tOllamh Jane Edwards[2] – d'fhreastail sí ar 0 as 2 chruinniú;

Neasa Fahy O'Donnell, Uas. – d'fhreastail sí ar 7 as 8 gcruinniú;

An tUas. John Field – d'fhreastail sé ar 7 as 8 gcruinniú;

An tOllamh Thomas Garavan – d'fhreastail sé ar 6 as 10 gcruinniú;

Anne Gleeson, Uas. – d'fhreastail sí ar 2 as 2 chruinniú;

An tUas. Martin Hayes – d'fhreastail sé ar 4 as 8 gcruinniú;

An tOllamh Michael Hayes – d'fhreastail sé ar 9 as 10 gcruinniú;

An Dr John Hillery – d'fhreastail sé ar 2 as 2 chruinniú;

An tUas. Michael Houlihan – d'fhreastail sé ar 10 as 10 gcruinniú;

An tUas. Tadhg B Kearney – d'fhreastail sé ar 6 as 10 gcruinniú;

An Dr J J Leahy – d'fhreastail sé ar 2 as 2 chruinniú;

An Comh. Kathleen Leddin – tháinig sí i gcomharbacht ar an gComh. Gerry McLoughlin, d'fhreastail sí ar 2 as 2 chruinniú;

An tUas. Richard Leonard – d'fhreastail sé ar 6 as 8 gcruinniú;

Trish Long, Uas. – d'fhreastail sí ar 3 as 8 gcruinniú;

An tUas. Peter Malone – d'fhreastail sé ar 2 as 2 chruinniú;

An tOllamh Paul McCutcheon – d'fhreastail sé ar 10 as 10 gcruinniú;

Annette McElligott, Uas. – d'fhreastail sí ar 1 as 2 chruinniú;

An Dr Seán McGrath – d'fhreastail sé ar 7 as 10 gcruinniú;

An Comh. Gerry McLoughlin – tháinig an Comh. Kathleen Leddin i gcomharbacht air, d'fhreastail sé ar 3 as 8 gcruinniú;

An tUas. Adam Moursy – tháinig Emma Porter, Uas. i gcomharbacht air agus d'fhreastail sé ar 8 as 8 gcruinniú;

An Breitheamh Onórach John L Murray – d'fhreastail sé ar 6 as 6 chruinniú;

Catríona Ní Dhonnchú, Uas. – tháinig sí i gcomharbacht ar an Uasal Cathal Ronan agus d'fhreastail sí ar 2 as 2 chruinniú;

Gráinne O'Connell, Uas. – d'fhreastail sí ar 8 as 8 gcruinniú;

An tUas. Joe O'Connell – d'fhreastail sé ar 2 as 2 chruinniú;

An tUas. John O'Connell – d'fhreastail sé ar 7 as 8 gcruinniú;

An tUas. Bobby O'Connor – d'fhreastail sé ar 10 as 10 gcruinniú;

An tUas. Fachtna O'Driscoll – d'fhreastail sé ar 2 as 2 chruinniú;

An Dr Máirtín Ó Droma – d'fhreastail sé ar 8 as 10 gcruinniú;

An tUas. David O'Flynn – d'fhreastail sé ar 3 as 8 gcruinniú;

Jackie O'Shaughnessy, Uas. – d'fhreastail sí ar 2 as 2 chruinniú;

An tUas. Michael Phelan – d'fhreastail sé ar 6 as 7 gcruinniú;

Emma Porter, Uas. – tháinig sí i gcomharbacht ar an Uasal Adam Moursy agus d'fhreastail sí ar 2 as 2 chruinniú;

An Dr Wynette Redington – d'fhreastail sí ar 7 as 8 gcruinniú;

An tUas. Pat Rockett – d'fhreastail sé ar 8 as 10 gcruinniú;

An tUas. Cathal Ronan – tháinig Catríona Ní Dhonnchú, Uas. i gcomharbacht air agus d'fhreastail sé ar 7 as 8 gcruinniú;

An Comh. Jerome Scanlan – tháinig an Comh. John Sheahan i gcomharbacht air, d'fhreastail sé ar 5 as 9 gcruinniú;

An Comh.  John Sheahan – tháinig sé i gcomharbacht ar an gComh. Jerome Scanlan air, d'fhreastail sé ar 2 as 2 chruinniú;

An tUas. Cian Spillane – tháinig Lily Carroll, Uas. i gcomharbacht air agus d'fhreastail sé ar 6 as 8 gcruinniú;

Liz Stack, Uas. – d'fhreastail sí ar 0 as 2 chruinniú;

An Dr Peter Tiernan – d'fhreastail sé ar 8 as 8 gcruinniú;

Judith Woodworth, Uas. – d'fhreastail sí ar 7 as 8 gcruinniú;

[1] *bhí cead aige a bheith as láthair ó chruinnithe mar a fhoráiltear i Mír 3(3) den Tríú Sceideal d'Acht na nOllscoileanna, 1997.*

[2] *ar shaoire shabóideach*

### ***Táillí agus costais iomlána a íocadh le baill den Údarás Ceannais***

Íoctar costais le baill sheachtracha den Údarás Ceannais de réir Treoirlínte ón Roinn Airgeadais. Éilíonn Cód Cleachtais Náisiúnta 2012 go gcuirtear táillí agus costais iomlána a íoctar le baill den Údarás Ceannais ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil. Ní íoctar táillí le baill den Údarás Ceannais. Sa tréimhse faoi athbhreithniú íocadh €12,274 le baill den Údarás Ceannais.